

2007

An tSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA  
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



COURTS SERVICE  
*An tSeirbhís Chúirteanna*



The report is printed on recyclable and biodegradable paper.  
Printed by an ISO 9001:2000 and FSC certified printer using vegetable based inks.

FSC accredited certification means that the forest of origin has been independently inspected and evaluated according to economic, social And environmental principles and criteria agreed by the Forestry Stewardship Council A.C. (FSC)

## RÁITEAS MISIN

BAINISTIÚ A DHÉANAMH AR NA  
CÚIRTEANNA, TACAÍOCHT A THABHAIRT  
DO NA BREITHIÚNA AGUS SEIRBHÍS  
GHAIRMIÚIL D'ARDCHAIGHDEÁN A  
SHOLÁTHAR DO GACH AON DUINE A  
ÚSÁIDEANN NA CÚIRTEANNA







# CLÁR ÁBHAR

Buaicphointí na bliana 2007	4
Teachtaireacht ón bPríomh-Bhreitheamh agus Cathaoirleach an Bhoird	7
Réamhrá leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin	8
<b>Caibidil 1</b> Struchtúr agus Rialachas	11
<b>Caibidil 2</b> Bainistiú na gCúirteanna – Forbhreathnú Feidhmíochta	21
<b>Caibidil 3</b> Tacaíocht a thabhairt do na Breithiúna	31
<b>Caibidil 4</b> Nuachóiriú na gCúirteanna	39
<b>Caibidil 5</b> Tacaíocht a thabhairt don Fhoireann	55
<b>Caibidil 6</b> Staitisticí	61
<b>Caibidil 7</b> Ráitis Airgeadais	121
<b>Caibidil 8</b> Tuarascálacha ó na Coistí a dhéanann Rialacha Cúirte	131
<b>Caibidil 9</b> Gluais na dTearmaí	139
Faisnéis bhreise	143

# BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2007

## OIBRÍOCHTAÍ CÚIRTEANNA

- Tharla méadú 26% ar na cásanna nua a tugadh os comhair na hArd-Chúirte (lena n-áirítear méadú 70% ar chásanna faillí míochaine). 19,435 cás a bhí ann san iomlán.
- Bhí méadú 73% ar líon na gcásanna nua a iontráladh ar liosta na Cúirte Tráchtála
- Bhí méadú 30% ar chásanna faoin Acht Aturnaetha
- Bhain breis agus 50% (17,481) den 30,435 cás nua sibhialta a eisíodh sa Chúirt Chuarda le sárú conartha/bailiú fiach.
- Ba trí Chóras na nÉileamh Beag ar Líne a glacadh le 1,552 nó 41.5% de na hÉilimh Bheaga.
- Tharla laghdú 17% ar iarratais ar cheadúnais nua le haghaidh tithe tábhairne agus laghdú 36% ar iarratais ar cheadúnais nua le haghaidh beár óstán
- Tharla méadú beagnach 15% ar iarratais faoin reachtaíocht foréigin teaghlaigh, méadú 21% ar iarratais ar orduithe cosanta, agus méadú 16% ar orduithe sábháilteachta.
- Tharla méadú 18% ar chásanna dúnmharaithe nó dúnorgana agus méadú beagnach 26% ar líon na gcásanna éignithe i gcomparáid le líon na bliana 2006.
- Bhain beagnach 25% de na cionta go léir sa Chúirt Choiriúil Chuarda le goid agus robáil agus bhain 21% eile díobh le hionsaithe.
- Bhain beagnach 14% d'obair na Cúirte Coiriúla Chuarda le cionta drugaí agus bhain beagnach 12% eile le cionta gnéasacha.
- Tharla méadú breis agus 15% ar na cásanna coiriúla sa Chúirt Dúiche.
- Bhain breis ag leath de na cásanna sa Chúirt Dúiche le cionta tráchta ar bhóithre, mar is iondúil. Déileáladh le 281,641 cás i 2007 agus ba mhéadú breis agus 25% é seo ar fhiúir na bliana 2006



## NUACHÓIRIÚ NA GCÚIRTEANNA

- Cuireadh tús le tógáil Ollionaid nua na gCúirteanna Coiriúla i Sráid Gheata na Páirce agus tá sé le críochnú go luath i 2010.
- Bunaíodh an Lároifig Cuntasaíochta chun idirbhearta airgeadais uile na Cúirte Dúiche a láimhseáil.
- Cuireadh feabhas ar rochtain na seirbhíse cúirteanna uair ar bith de lá nó d'óiche seacht lá na seachtaine nuair a cuireadh críoch leis an gcéad bhliain de sheirbhís na nÉileamh Bheag ar Líne ag na chéad láithreáin phiolótacha agus nuair a críochnaíodh Córas Rianaithe Ard-Chúirte le cur ar chumas an phobail sonraí a rochtain.


- Thug suirbhé neamhspleách (le ceannaitheoir faoi cheilt) agus staidéar le fios go mba caidreamh gairmiúil béasach ag bhí ag an bhfoireann in oifigí poiblí agus ar an teileafón 96% den am, agus mheas 91% de na daoine go raibh an fhoireann cúirtéiseach and thuairiscigh 88% díobh gur thug an fhoireann muinín dóibh as an idirbheartaíocht.
- Cuireadh córas i bhfeidhm i gCúirt Dúiche Luimnigh chun go bhféadfar físchomhdháil a chur ar siúl idir Chúirt Dúiche Luimnigh agus Príosún Luimnigh ar bhonn píolótach ó lár na bliana 2008 ar aghaidh.

- Cuireadh faisnéis ar fáil faoi fheidmiú na gcúirteanna dlí teaghlaigh i rith na bliana nuair a cuireadh staitisticí treochtaí, breithiúnais agus tuairiscí a bhain leo ar fáil i 'gCúrsaí an Dlí Teaghlaigh'.
- Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag obair leis An nGarda Síochána i rith na bliana chun comhéadan leictreonach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun faisnéis agus sonraí a roinnt go leictreonach idir an dá eagraíocht.
- Foilsíodh 'Breathnaímis ar an Dlí' i rith na bliana. Is pacáiste é seo a dearadh le cur ar chumas múinteoirí nach raibh cur amach ar bith acu ar an dlí roimhe seo eolas a thabhairt do dhaoine óga faoin dlí agus faoi chóras na gcúirteanna in Éirinn.


Ollionaid na gCúirteanna Coiriúla



Físchomhdháil



Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh



Breathnaímis ar an Dlí







# TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMH-BHREITHEAMH AGUS CATHAOIRLEACH AN BHOIRD

Is í seo ochtú Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna agus tugann sí an dul chun chinn a dhéantar go leanúnach chun suntais, agus athbhreithniú á dhéanamh ar a straitéisí agus gníomhaíochtaí don bhliain 2007, maidir le riarachán agus feidhmiú na gcúirteanna a nuachóiriú i dtimpeallacht níos gnóthaí agus níos deacra.

Is eagraíocht mhór dhílártaíe í an tSeirbhís Chúirteanna a bhfuil freagracht riaracháin aici as timpeall 170 teach cúirte agus ionad cúirte ar fud na tíre. Soláthraíonn a foireann 1100 duine raon ollmhór de sheirbhísí agus de thacaíocht riaracháin do na breithiúna, don phobal agus d'úsáideoirí na gcúirteanna.

Tá líon méadaitheach de chásanna ag teacht os comhair na gcúirteanna. Is é an toradh a bhí air seo in 2007 ná suíonna breise sna cúirteanna, éileamh méadaithe ar shaoráidí agus ar dhaoine, agus díriú iarrachta ag na breithiúna agus lucht bainistíochta agus foireann na Seirbhíse. Mar a léiríonn an Tuarascáil seo, baineadh rath mór amach le húsáid straitéisí pleanála agus bainistíochta fadradharcacha. Ina réamhrá tugann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin méid chuid mhaith de na tionscnaimh seo chun suntais. Tugann an chuid is mó den Tuarascáil cuntas mionsonraithe ar na hiarrachtaí sármaith a chuireann i gcónaí ar chumas na Seirbhíse seirbhísí cúirte den chéad scoth a sholáthar.

Is é ceann de phríomhchúiseanna na mbuanna sin ná toilteanas laethúil na foirne, ar gach leibhéal, ní hamháin chun smaointe agus cleachtais nua a ghlacadh agus a fheidhmiú ach chun cuid mhór den nuálaíocht sin a thionscnamh iad féin. Toisc iad a bheith chomh freagrúil agus fadradharcach, cuireann an Bord bainistíocht agus foireann na Seirbhíse ar chumas na mbreithiúna déileáil le riaradh an cheartais agus éifeachtacht a mhéadú ina leith in a lán dóigheanna. Pléadh le hualach oibre méadaithe i ndóigh tráthúil phroifisiúnta in 2007 mar gheall ar fheabhsuithe in a lán réimsí lena n-áirítear:

- Bhí méadú 13% ar líon na n-achomharc díúscartha ag an gCúirt

Uachtarach in 2007, ó 202 in 2006 go 229 in 2007. Bhí méadú 25% ar líon na mbreithiúnas forchoimeáda in 2007 thar 2006. Tá ualach oibre na Cúirte ag méadú i gcónaí, lena n-áirítear líon na gcásanna le hiomadúlacht de shaincheisteanna casta. Is é an toradh a bheidh air seo ná méadú dosheachanta sa tréimhse ama a bheidh ar chásanna fanacht le bheith liostaithe le haghaidh éisteachta.

- Bhí méadú 9% ar líon na n-achomharc a fuair an Chúirt Achomhairc Choiriúil, 267 in 2007 i gcomparáid le 244 in 2006
- Tosaíodh líon iomlán de 19,435 cás nua san Ard-Chúirt in 2007, méadú de 26% ar an fhiúir in 2006 de 15,432
- Bhí méadú 15% ar líon na mbillí sibhialta a eisíodh sa Chúirt Chuarda in 2007 go 30,435 ó 26,503 in 2006
- Bhí méadú níos mó ná 18% i ngnó sibhialta sa Chúirt Dúiche, ó 49,965 in 2006 go 59,061 in 2007
- Bhí méadú beagnach 15% in iarratais faoi reachtaíocht um fhoréigean baile ó 9,924 in 2006 go 11,387 in 2007.
- Bhí méadú níos mó ná 15% i gcúrsaí coiriúla sa Chúirt Dúiche, ó 378,047 in 2006 go 436,617 in 2007
- Bhí méadú beagnach 12% i gcásanna a bhain le coireanna drugaí ó 8,842 in 2006 go 9,870 in 2007
- Ciontaíodh níos mó ná 5,500 duine mar gheall ar thiomáint chontúirteach in 2007, méadú níos lú ná 2%. Bhí méadú níos mó ná 8% i líon na ndaoine ar ciontaíodh iad mar gheall ar thiomáint ar meisce, ó 26,919 in 2006 go 29,127 in 2007


Tagraím dá bhfuil thuas chun raon, méid agus méadú in obair na gcúirteanna agus na Seirbhíse a thabhairt chun suntais agus mar réamheolas ar thábhacht agus rath na dtionscnamh riaracháin a luaitear tríd

an Tuarascáil seo.

Le freastal ar na héilimh mhéadaitheacha a dhéantar ar na cúirteanna agus chun éisteacht agus díúscairt cásanna a dhéanamh níos éifeachtaí, rinne na breithiúna feabhsuithe agus athruithe leanúnacha a thionscnamh maidir le cleachtais agus nósanna imeachta, agus go háirithe maidir le teicnící um bainistíocht cásanna. D'éirigh go maith leis na hiarrachtaí seo trí chomhpháirtíocht agus chomhoibriú leis an tSeirbhís Chúirteanna. Is mór ag mo chomhbhreithiúna an tacaíocht mhór leanúnach a sholáthair obair na Seirbhíse Cúirteanna do riaradh an cheartais. Tugann an earnáil dlí níos leithne cúnaimh do thasc na Seirbhíse Cúirteanna. Tá spiorad na comhpháirtíochta cruthaithe ag an lucht dlí, ag gníomhaireachtaí ceartais agus ag gníomhaireachtaí stáit agus deonacha eile lena n-oibríonn muid agus comhairle agus cúnaimh á dtabhairt acu don tSeirbhís Chúirteanna.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a thabhairt do bhaill an Bhoird, don chuid mhór daoine a oibríonn ar ár gcoistí, do mo chomhbhreithiúna, dár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin an tUasal P.J. Fitzpatrick, dá fhoireann, agus don phobal dlíthiúil sínte as a chuid oibre agus tacaíocht sa bhliain seo caite. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht leanúnach an Stáit agus go háirithe tacaíocht an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus foireann a Roinne. Is féidir pleanáil a dhéanamh go muiníneach don todhchaí agus an t-eolas againn go bhfuil an tacaíocht agus na hacmhainní ann atá riachtanach d'fheidhmiú na Seirbhíse.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh ar na hiarrachtaí a bhain le Tuarascáil Bhliantúil chomh cuimsitheach leis an gceann seo a tháirgeadh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a thabhairt do gach duine a raibh baint acu lena tiomsú agus lena cur i láthair.

  
John L. Murray

# RÉAMHRÁ LEIS AN BPRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Tar éis ocht mbliain thar a bheith gnóthach, is é an dúshlán atá roimh an tSeirbhís fós ná seirbhís den scoth a chur ar fáil, agus é a sholáthar ar bhealach a chomhlíonann na riachtanais atá ag ár saoránaigh. Agus mé ag cur an Tuarascáil Bhliantúil seo i láthair tá lánfhios agam faoin iarracht agus faoin obair dochreidte ar fud na heagraíochta a chabhraigh linn na torthaí dearfacha go léir a dhéantar cur síos orthu sa Tuarascáil seo a bhaint amach.

Chun an méid atá bainte amach againn go dtí seo a daingniú caithfidh leanúint ar aghaidh ag athrú agus nuachóiriú breise a dhéanamh chun eagraíocht nua-aimseartha le súil chun cinn a chruthú, a bhfuil sé ar chumas aici déileáil leis na dúshláin atá ann in Éirinn san aonú haois is fiche.

Chun cabhrú linn bainistíocht a dhéanamh ar na hathruithe seo, tá Clár Bhainistíocht/Cheannasaíocht Athraithe forbartha againn a dhíríonn ar fhorbairt na foirne agus na riachtanais atá ag úsáideoirí na cúirte. I 2007 bhí roinnt tionscadail mhóra fós lárnach sa chlár seo, Córas Cuntasáíochta na gCúirteanna, an Córas Cuntasáíochta Cistí, an Córas Bainistíochta um Chásanna Sibhialta, an Córas Bainistíochta um Chásanna Coiriúla, Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla, Pleanáil Gnó agus an Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin athbheithnithe, ina measc.

Bhí roinnt de na tionscadail seo san áireamh inár Ráitis Aschuir. Tá siad seo mar ghné thábhachtach de na bearta Athchóirithe Buiséid agus Meastacháin a d'fhógair an tAire Airgeadais i mBuiséad 2006. Léiríonn siad leibhéal nua de thrédhearcacht agus cuntasacht thar an tseirbhís phoiblí agus ligeann siad don Oireachtas iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar phróiseas na Meastachán. I rith 2007 d'fhoilsíomar ár gcéad Ráiteas Aschuir Bliantúil.

## AG OBAIR LEIS NA BREITHIÚNA

Leanamar ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do na breithiúna ina gcuid oibre agus d'oibríomar leo ar bhearta a bhfuil sé d'aidhm acu obair na cúirte a phróiseáil níos fearr i rith na bliana:

- lean Uachtarán na hArd-Chúirte ar aghaidh le treoirthionscadal chun líon agus raon na gcásanna a éistfidh an Ard-Chúirt i mbailte cúigeacha a mhéadú
- rinne Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda dréachtrialacha i gcomhair dul chun cinn cásanna in imeachtaí dlí teaghlaigh a fhorpheas i rith na bliana, le formheas ó Uachtarán na Cúirte Cuarda, agus i ndiaidh comhairliúcháin le Cláráitheoirí Contae. Ligeann an scéim seo do Chláráitheoirí Contae dualgais bhainistíochta cásanna a chomhlíonadh le cinntiú go ndéantar imeachtaí a ullmhú i gcomhair trialach ar bhealach cóir, tapaidh agus gur dócha go mbeidh an costas is ísle ag baint leo agus go mbeifear an úsáid is fearr as am agus acmhainní eile na cúirte.
- lean obair ar atheagrú mór ar Dhúichí na Cúirte Dúiche ar aghaidh. Seo an chéad atheagrú mór ar Dhúichí na Cúirte Dúiche ó 1961 i leith agus bhí athbheithniú iomlán ar ionaid, suíonna agus ualaí oibre na gcúirteanna i gceist leis. Chruthaigh an t-atheagrú ualaí oibre níos cothromaí sna 11 Dúiche ina raibh sé curtha i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. Tá athruithe suntasacha déimeagrafacha agus sa daonra tar éis tarlú in go leor de na Dúichí seo le blianta beaga anuas.

## ÚSÁID A BHAINTE AS TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Tá a lánfhios againn go bhfuil sé riachtanach go mbeidh na cúirteanna níos inrochtana, níos éifeachtaí ó thaobh costais de agus níos mó slándáil ann. I rith na bliana chuireamar córais físchomhdhála isteach i dtithe cúirte Chnoc na Seimre, Tulach Mhór agus Chaisleán an Bharraigh mar chuid de chlár iomlán chun físchomhdháil a bheith ar fáil sna bailte contae ar fad. Rinneamar uasghrádú ar áiseanna físchomhdhála agus nasc físe i gcúig theach cúirte sna Ceithre Chúirt i rith na bliana freisin.

Ligeann an córas Éilimh Bheaga Ar Líne d'iarrthóirí éilimh a lóisteáil 24/7 thar an idirlíon, na táillí cúirte a íoc ar líne agus dul chun cinn a n-iarratas a leanúint agus é ag dul ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla den phróiseas ag baint úsáid as aitheantóir pearsanta uathúil. Ba í 2007 an chéad bhliain iomlán don chóras a bheith ag oibriú sna 16 suíomh píolótach tosaigh.

Chríochnaíomar obair chun áis cuardaigh phoiblí ar líne a fhorbairt do Chóras Rianaithe Cáis na hArd-Chúirte i rith na bliana. Is féidir le cleachtóirí dlí agus le baill den phobal sonraí faoi chásanna Ard-Chúirte a aimsiú ag am ar bith, ó áit ar bith anois, ag baint leasa as an idirlíon.

## FAISNÉIS DON PHOBAL

Leanamar ar aghaidh ag feabhsú an raon faisnéise a mhíníonn na gnéithe éagsúla den chóras cúirte atá againn, agus an chaoi a oibríonn sé.

Rinneadh forbairt ar phacáiste acmhainne do mhic léinn dara leibhéal, 'Breathnaímis ar an Dlí' i rith na bliana le comhoibriú ón Roinn Oideachais & Eolaíochta, a ligfidh do mhúinteoirí

nach bhfuil cur amach ar bith acu ar an dlí roimhe seo eolas a thabhairt do dhaoine óga faoin dlí agus faoi chóras na gcúirteanna in Éirinn. Tá lámhleabhar do mhúinteoirí, sraith d'áiseanna teagaisc agus DVD ann.

Chuireamar an chéad bhliain de threoirthionscadal chun tuairisciú a dhéanamh ar dhlí teaghlaigh i gcrích. Ina measc bhí foilsíú ar staitisticí, treochnaí, breithiúnais agus tuairisciú ar imeachtaí i gcúirteanna dlí teaghlaigh i sraith dar teideal Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh. Tháinig an treoirthionscadal chun críche le tuarascáil measúnaithe ina raibh moltaí do thuairisciú dlí teaghlaigh amach anseo.

## FOIRGNIMH

Ba thosaíocht fós dúinn athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh. Tógadh dhá theach cúirte nua i mBré agus i mBéal an Mhuirthead i 2007, agus cuireadh obair i gcrích ar athchóiriú na dtithe cúirte i dTulach Mhór agus i Mainistir Fhear Maí. Rinneadh athchóiriú iomlán ar na Cúirteanna Dúiche dlí teaghlaigh i dTeach an Charnáin, Baile Átha Cliath chun cóiríocht nua-aimseartha a chur ar fáil do na breithiúna, don fhoireann agus d'úsáideoirí na gcúirteanna teaghlaigh ar fad.

Bhí obair beagnach críochnaithe chun áiseanna nua cúirte a sholáthar i mBaile Átha Fhirdhia agus lean sí ar aghaidh i nDurlas, i gCluain Eois, i nGuaire agus i mBaile Bhlainséir.

Críochnaíodh pleananna chun tithe cúirte Chill Chainnigh. Mhuineacháin agus an Mhuilinn Chearr a athchóiriú agus a shíneadh agus fuarthas suíomhanna chun tithe cúirte nua a chur ar fáil i Loch Garman agus Leitir Ceanainn. Ag deireadh na bliana bhí an tSeirbhís ag obair chun uasghrádú mór a chur chun cinn ar thithe cúirte Chill Mhantáin, Ros Comáin, Bhéal Átha na Muice, Chluainín, Eochaille agus Chill Mocheallóg.

Is é tionscadal Ollionaid na gCúirteanna Coiriúla ceann de na príomhthionscadail athraithe atá againn ag é ar an gcuid is mó sa Chlár Tógála Caipitil. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidigh Poiblí seo leis an tógáil ag tosú go luath i mí na Bealtaine. Tá súil againn go mbeidh an t-ollionad i mbun oibre go luath i 2010.

## COMHPHÁIRTÍOCHT AGUS ÁR BHFOIREANN OIBRE

Lean an Coiste Lárnach Comhpháirtíochta, a bhfuilim i mo chathaoirleach air, ar aghaidh ag dul i ngleic le ceisteanna a bhfuil suim nó buairt ag baint leo. Bhí Coistí Comhpháirtíochta Réigiúnacha ag plé le raon ceisteanna lena n-áirítear dualgais míchumais agus inrochtaineachta, forbairtí i seirbhísí custaiméara, scagadh sláinte, oiliúint theicniúil, bainistíocht gníomhúcháin agus ceisteanna sláinte agus sábháilteachta.

Lean an gaol oibre an-mhaith atá againn le ceardchumainn na foirme ar aghaidh. Tá timpeallacht an-dearfach caidreamh tionsclaíoch cruthaithe againn trí úsáid a bhaint as an Scéim Eadrána agus Idir-Réitigh agus an próiseas comhpháirtíochta. Táim thar a bheith sásta a rá nach raibh aon díospóidí tionsclaíocha againn, agus mar sin níor chailleamar lá oibre ar bith.

## MO BHUÍOCHAS

Táim thar a bheith buíoch don Phríomh-Bhreitheamh agus do Chathaoirleach an Bhoird, an tOnórach an Breitheamh John L. Murray agus do chomhaltaí an Bhoird ar fad, do na hUachtaráin i ngach ceann d'ár gcúirteanna agus do na breithiúna go ginearálta as ucht a gcuid tacaíochta leanúnaigh le bliain

anuas agus ón uair a bunaíodh an tSeirbhís ocht mbliana ó shin.


Thaispeáin ár bhfoireann arís eile go bhfuil siad iontach oscailte agus toilteanach cur chuige oibre nua a ghlacadh orthu féin. Glacaim buíochas ó chroí le gach aon duine acu.

Is mór agam freisin an comhoibriú agus an cúnaimh a leanamar ar aghaidh ag fáil ó na gníomhaireachtaí eile laistigh den earnáil ceartais i gcoitinne, na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an ghairm dlí agus na heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí Stáit agus deonacha ar fad eile, nach féidir iad ar fad a lua.

Ba mhaith liom freisin aitheantas agus buíochas a ghlacadh le Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí agus a fhoireann as ucht a gcúnaimh leanúnach leis an gclár tógála atá againn.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Ard-Rúnaí agus foireann na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus Ard-Rúnaí agus foireann an Roinne Airgeadais as ucht a gcuid tacaíochta leanúnach ó chroí lenár gcuid oibre. Chinntigh an tacaíocht ó gach duine go raibh feabhsúcháin agus forbairtí ann arís eile i 2007.

Tá cuntas mionsonraithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar mhéid agus castacht na hoibre a dhéantar in ár gcúirteanna i rith na bliana. Tugaim buíochas ó chroí leis an Uasal Helen Priestley, Oifigeach Preasa, le foireann na hOifige Faisnéise agus leo siúd ar fad a thug cúnaimh chun í a chur ar fáil.



**P.J. Fitzpatrick**



CAIBIDIL 1  
STRUCHTÚR AGUS RIALACHAS

# CAIBIDIL 1

## STRUCHTÚR AGUS RIALACHAS

### MAOINIÚ AGUS SOLÁTHAR FOIRNE DON TSEIRBHÍS I 2007

Formhór mór an mhaoinithe curtha ar fáil ag an Stát:	€131 milliún	
Buiséad	loncam:	€92 milliún
	Caipiteal	€39 milliún
Foireann:	1,100	
Cistí a ndearnadh bainistíocht orthu i gcáil iontaobhaí:	€1.022 billiún	
Táillí bailithe:	€39 milliún	
Fíneálacha bailithe:	€22 milliún	
Oifigí ar fud na tíre:	82	
Líon na n-ionad cúirte:	173	

Is iad feidhmeanna na Seirbhíse ná:

- Na cúirteanna a bhainistiú
- Seirbhísí tacaíochta a sholáthar do na breithiúna
- Faisnéis a chur ar fáil don phobal faoin gcóras cúirteanna
- Foirgnimh chúirte a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil
- Áiseanna a chur ar fáil do lucht úsáidte na gcúirteanna.

Tá Cathaoirleach agus 16 bhall ar an mBord. Is í an fheidhm atá acu ná breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar bheartas i leith na Seirbhíse agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais sin ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin.

# BORD NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA



An Breitheamh Onórach **John L. Murray**, Uasal

*Cathaoirleach agus Príomh-Bhreitheamh na hÉireann*



An Breitheamh an Onórach **Richard Johnson**, Uasal

*Uachtarán na hArd-Chúirte*



An Breitheamh Onórach **Susan Denham**, Uasal

*Arna hainmniú ag an bPríomh-Bhreitheamh*



An Breitheamh Onórach **Iarflaith O'Neill**, Uasal

*Tofa ag breithimh na hArd-Chúirte*



An Breitheamh Onórach **John Quirke**, Uasal

*Arna thoghadh ag gnáthbhreithiúna na hArd-Chúirte*



An Breitheamh Onórach **Matthew Deery**, Uasal

*Uachtarán na Cúirte Cuarda*



An Breitheamh Onórach **Patrick Moran**, Uasal

*Arna thoghadh ag gnáthbhreithiúna na Cúirte Cuarda*



An Breitheamh Onórach **Miriam Malone**, Uasal

*Uachtarán na Cúirte Dúiche*



An Breitheamh **Flann Brennan**, Uasal

*Arna thoghadh ag gnáthbhreithiúna na Cúirte Dúiche*



An tUasal **P.J. Fitzpatrick**,

*Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*



An tUasal **Eoghan Fitzsimons A.S.**

*Ainmnithe ag Cathaoirleach Chomhairle Bharra na hÉireann*



An tUasal **Owen Binchy**

*Aturnae Ainmnithe ag Uachtarán Dhlí-Chumann na hÉireann*



An tUasal **Kevin Fidgeon**

*Tofa ag foireann na seirbhíse*



An tUasal **James Martin**

*Oifigeach an Aire, ainmnithe ag an Aire*



**Olive Braiden**, Uasal

*Arna hainmniú ag an Aire mar ionadaí thomhaltóirí na seirbhíse arna soláthar ag na cúirteanna*



**Esther Lynch**, Uasal

*Ainmnithe ag Comhdháil na gCeard-chumann*



An tUasal **Liam Farrell**

*Ainmnithe ag an Aire dá chuid eolais agus taithí ábhartha ar chúrsaí tráchtála, airgeadais nó riaracháin*

# BUANCHOISTÍ AN BHOIRD

## AN COISTE AIRGEADAIS

- An tOnórach an Breitheamh John L. Murray, Cathaoirleach
- An tOnórach an Breitheamh Richard Johnson
- An tOnórach an Breitheamh Iarfhlaith O'Neill
- An tOnórach an Breitheamh Matthew Deery
- An tOnórach An Breitheamh Miriam Malone
- An tUasal James Martin
- An tUasal P.J. Fitzpatrick

## AN COISTE INIÚCHTA

- Mr. Tom O'Higgins, Chartered Accountant, *external member*, Chairperson
- An tUasal Tom O'Higgins, Cuntasóir Cairte, ball seachtrach, Cathaoirleach
  - An tOnórach an Breitheamh Matthew Deery
  - An tOnórach an Breitheamh Cormac Dunne, breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche
  - An tUasal Jim Farrell, iar-Stiúrthóir Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, ball seachtrach
  - An tUasal James Martin

## AN COISTE TÓGÁLA

- An tOnórach an Breitheamh John Quirke, Cathaoirleach
- An tOnórach an Breitheamh Iarfhlaith O'Neill
- An tOnórach, An Breitheamh Michael White, breitheamh na Cúirte Cuarda
- An Breitheamh Catherine Murphy, breitheamh na Cúirte Dúiche
- An tUasal Fergal Foley B.L., ainmní Chomhairle an Bharra
- An tUasal Gerard Doherty, aturnae, arna ainmniú ag Dlí-Chumann na hÉireann
- An tUasal Kevin Fidgeon
- An tUasal Olive Braiden
- An tUasal Michael Haugh, Oifig na nOibreacha Poiblí,
- An tUasal Brendan Ryan, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, An tSeirbhís Chúirteanna
- An tUasal Shay Kirk, Príomh-Oifigeach, An tSeirbhís Chúirteanna
- An tUasal John Mahon, Príomh-Oifigeach, An tSeirbhís Chúirteanna

## COISTE FORBARTHA NA CÚIRTE DLÍ TEAGHLAIGH

- An tOnórach an Breitheamh Catherine McGuinness, Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú Dlí, Cathaoirleach
- An tOnórach an Breitheamh Liam McKechnie, breitheamh na hArd Chúirte
- An tOnórach an Breitheamh Mary Faherty, breitheamh na Cúirte Cuarda
- An tOnórach an Breitheamh Gerard Haughton, breitheamh na Cúirte Dúiche
- An tUasal Olive Braiden
- An tUasal Catherine Forde B.L., ainmní Chomhairle an Bharra
- An tUasal David Bergin, aturnae, ainmní Dhlí-Chumann na hÉireann
- An tUasal Kevin Fidgeon
- An tUasal Nuala McLoughlin, Príomh-Chlárathóir agus Stiúrthóir Oibríochtaí, an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach, An tSeirbhís Chúirteanna
- An tUasal Diarmaid Mac Diarmada, Stiúrthóir Oibríochtaí, an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Dúiche, An tSeirbhís Chúirteanna



# COISTÍ AN BHOIRD LE DÉILEÁIL LE SAINCHEISTEANNA FAOI LEITH

## COISTE STIÚRTHA CHUN FAISNÉIS A SHOLÁTHAR FAOI PHIANBHREITHEANNA

- An tOnórach an Breitheamh Susan Denham, Cathaoirleach
- An tOnórach an Breitheamh Kevin O' Higgins, breitheamh na hArd-Chúirte
- An tOnórach an Breitheamh Esmond Smyth, breitheamh na Cúirte Cuarda
- An tOnórach An Breitheamh Miriam Malone
- An tOllamh Thomas O'Malley, Léachtóir Sinsearach le Dlí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh


## ATHBHREITHNIÚ NA CÚIRTE DÚICHE

- An tOnórach an Breitheamh Joseph Finnegan, breitheamh na Cúirte Uachtaraí, Cathaoirleach
- An Breitheamh Oliver McGuinness, breitheamh na Cúirte Dúiche
- An Breitheamh Catherine Murphy, breitheamh na Cúirte Dúiche
- An tUasal Jim Farrell, an Roinn Airgeadais
- An tUasal Oonagh McPhillips, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An tUasal Diarmaid Mac Diarmada
- An tUasal Olive Caulfield, Bainisteoir Réigiúnach an Tuaiscirt, An tSeirbhís Chúirteanna

## AN TIONSCADAL TUAIRISCE FAOIN DLÍ TEAGHLAIGH

- An tOnórach an Breitheamh Nicholas Kearns, breitheamh na Cúirte Uachtaraí, Cathaoirleach
- An tOnórach an Breitheamh Catherine McGuinness
- An tOnórach an Breitheamh Henry Abbott, breitheamh na hArd-Chúirte
- An tOnórach, An Breitheamh Michael White, breitheamh na Cúirte Cuarda
- An Breitheamh Gerard Furlong, breitheamh na Cúirte Dúiche
- An tUasal Kevin Fidgeon
- An tUasal Olive Braiden
- An tUasal Esther Lynch

# STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL



# OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA

Tá oifigí réigiúnacha i Muineachán, An Nás, Tulach Mhór, Corcaigh agus Caisleán an Bharraigh.

## Réigiún an Tuaiscirt:



**Paula Lyons**  
*Bainisteoir Réigiúnach*

Réigiún Lár na Tíre:  
**Suíomh na hOifige** - An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

**Contaetha a cuimsítear** - Laois, Longfort, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, An Iarmhí, An Mhí

\* Tháinig Paula i gcomharbas ar Olive Caulfield i mí an Mheithimh 2007

## Réigiún an Oirthir:



**Gerry Nugent**  
*Bainisteoir Réigiúnach*

Réigiún an Oirthir:  
**Suíomh na hOifige** - Nás na Ríogh, Co. Chill Dara

**Contaetha a cuimsítear** - Cill Dara, Cill Mhantáin, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman

## An Réigiún Lártíre:



**Anne Price**  
*Bainisteoir Réigiúnach*

Réigiún an Tuaiscirt:  
**Suíomh na hOifige** - Muineachán

**Contaetha a cuimsítear** - Muineachán, Cabhán, Liatroim, Dún na nGall, Lú

## Réigiún an Deiscirt:



**Eamonn Kiely**  
*Bainisteoir Réigiúnach*

Réigiún an Deiscirt:  
**Suíomh na hOifige** - Cathair Chorcaí

**Contaetha a cuimsítear** - Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, Port Láirge, Tiobraid Árann


## Réigiún an Iarthair:




**Brendan J. McDonald**  
*Bainisteoir Réigiúnach*

Réigiún an Iarthair:  
**Suíomh na hOifige** - Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

**Contaetha a cuimsítear** - Gaillimh, Maigh Eo, Sligeach, An Clár





## FREAGRACHT

Tá an tSeirbhís Chúirteanna freagrach don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus is tríd an Aire atá sí freagrach don Rialtas. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an tOifigeach Cuntasaíochta agus is ag gníomhú dó sa cháil sin a fhreastalaíonn sé ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí agus ar chruinnithe eile de chuid Choistí an Oireachtais.

## CREATLACH RIALACHAIS

Tá feidhmeanna na Seirbhíse leagtha amach san Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998. Cé go leagann an tAcht síos meicníochtaí freagrachta agus rialachais bíonn an tSeirbhís réamhghníomhach ag cur socrúithe breise rialachais i bhfeidhm. Tugann siad seo tacaíocht don chleachtas is fear maidir le bhainistiú na heagraíochta agus soláthar seirbhísí a shásóidh mianta lucht a n-úsáidte agus a chinntíonn ag an am céanna go bhfuiltear freagrach maidir le caitheamh cistí. Sainíonn an Chreatcháipéis Rialachais atá faomhaithe ag an mBord na feidhmeanna sin a choinníonn an Bord aige féin agus na feidhmeanna eile a tharmligeann sé do Choistí agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá moltaí an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus Cheannairí na nOifigí (Tuarascáil Mullarkey) á gcur i bhfeidhm ag an tSeirbhís i gcónaí. Lean an tSeirbhís uirthi i rith 2007 ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir le forbairt córas, struchtúr agus nósanna imeachta bainistíochta nua.

## AN COISTE INIÚCHTA

Tugann an Coiste Iniúchta comhairle don Bhord faoi nósanna iniúchta inmheánacha agus faoi bhainistiú rioscaí. Tugann an Coiste forcintíú don Bhord faoi láidreacht agus éifeacht na nósanna imeachta inmheánacha. Tá cuntasóir cairte seachtrach ina c(h)athaoirleach ar an mbord agus bíonn beirt chuntasóirí cháilithe sheachtracha ina mball de.

## AN TAONAD INIÚCHTA INMHEÁNAIGH

Is é An tAonad Iniúchta Inmheánaigh, le cabhair ó iniúchóirí inmheánacha ó lasmuigh den eagraíochta, a bhíonn ag plé le réimse iomlán gníomhaíochta na Seirbhís lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, oibríocháin, teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, tógáil caipitil agus rialachais. Tugann sé seo forcintíú faoi éifeacht agus dóthaineacht phróisis na Seirbhíse maidir le bainistiú rioscaí, rialú agus rialachas.

Críochnaíodh 31 iniúchadh i rith na bliana. Cuireadh gach tuarascáil go díreach faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus faoi bhráid an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin/an Oifigigh Chuntasaíochta.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Dearadh an clár bainistithe rioscaí le cinntiú go n-aithnítear na rioscaí gnó agus go ndéantar measúnú orthu, go gcuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm agus go ndéantar monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach.

Rinneadh dul chun cinn breise i rith 2007 maidir le daingniú agus chreatlaigh um bhainistiú rioscaí. Cuireadh bailchríoch ar athbhreithniú seachtrach an chreatlaigh agus ar éifeacht an chóras bainistithe rioscaí laistigh den tSeirbhís. Léirigh sé seo go rabhthas ag dul i ngleic leis an gclár, go raibh bunsraith mhaith tógtha agus struchtúir curtha i bhfeidhm. Tá an Foireann Shinsearach Bhainistíochta ar an gCoiste Bainistithe Rioscaí agus tagann siad le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus feidhmiú an chreatlaigh bhainistíochta rioscaí. Thug sí tuairisc don gCoiste Iniúchta ar bhonn ráithiúil.

## SOLÁTHAR

Ullmhaíodh agus scaipeadh Treoirínte Athbhreithnithe um Sholáthar agus Treoirínte don Úsáideoir i rith 2007. Cinntíonn na Treoirínte seo go ngéilleann cúrsaí soláthair go hiomlán do na rialacha Náisiúnta agus do rialacha an AE maidir le soláthar. Tacaíodh leis seo i rith na bliana nuair a cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann a bhíonn ag plé le soláthar.



CAIBIDIL 2  
NA CÚIRTEANNA Á MBAINISTIÚ  
-FORBHREATHNÚ FEIDHMÍOCHTA

# CAIBIDIL 2

## NA CÚIRTEANNA Á MBAINISTIÚ

### -FORBHREATHNÚ FEIDHMÍOCHTA

**Phléigh na cúirteanna le linn na bliana 2007 le cúrsaí éagsúla sa dlí sibhialta (lena n-áirítear an dlí teaghlaigh) agus sa dlí coiriúil. Tugtar forbhreathnú sa Chaibidil seo ar shaothar na gcúirteanna ar fud gach dlínse. Tá staitisticí cuimsitheacha in éineacht le treochtaí i roinnt limistéar le fáil i gCaibidil 5.**

#### AN CHÚIRT UACHTARACH

Tháinig méadú ar na hachomhairc a tugadh chun críche sa Chúirt Uachtarach faoi 13%, ó 202 sa bhliain 2006 chuig 229 sa bhliain 2007. Tarraingíodh siar seacht n-achomharc is daichead trí chomhthoilí, méadú ó 35 sa bhliain 2006. Tháinig méadú faoi 25% ar bhreithiúnais forchoimeáda, ó 67 sa bhliain 2006 chuig 84 sa bhliain 2007.

Taisceadh ní ba lú achomharc, anuas ó 484 sa bhliain 2006 chuig 373 sa bhliain 2007. Ba iad na hachomharcóirí a thaisc 49 (13.1%) díobh siúd go pearsanta. Tháinig méadú ar líon na ndeimhnithe ullmhachta a taisceadh, ó 218 sa bhliain 2006 chuig 236 sa bhliain 2007. Tháinig laghdú beag ar líon na bhforiarratas a eisíodh, anuas chuig 129 ó 136 thiar sa bhliain 2006. Diúscaíodh 132 foriarratas, ar cheann amháin ní ba lú ná an bhliain 2006 é.

Tháinig méadú faoi 58% sna hachomhairc ar chinntí a rinneadh i Liosta Tráchtála na hArd-Chúirte, 22 i gcomparáid le 14 sa bhliain 2006. Tháinig méadú nach beag ar líon na n-achomharc i gcoinne orduithe deiridh a rinneadh sna caingne seansaíreachta, 24 ceann i gcomparáid le naonúr sa bhliain 2006. Tháinig dúbailt ar líon na n-achomharc i gcúrsaí faoi Acht na gCuideachtaí, ó chúig cinn sa bhliain 2006 go dtí deichniúr sa bhliain 2007. Tharla méadú 22% i líon na n-achomharc i gcoinne orduithe a rinneadh faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003, ó 22 sa bhliain 2006 go dtí 27 sa bhliain 2007. Tharla méadú 57% freisin i líon na n-achomharc i gcoinne orduithe deiridh inar diúltaíodh d'athbhreithniú breithiúnach, 28 sa bhliain 2006 le hais 44 sa bhliain 2007.

Ba sna caingne díobhála pearsanta a taisceadh an catagóir achomharc ba mhó, a laghdaigh chuig 42 ó 58 sa bhliain 2006. Taisceadh ceithre achomharc ón gCúirt Achomhairc Choiriúil, an líon céanna leis an mbliain 2006.

Tharla méadú suntasach in ualach oibre Oifig na Cúirte Uachtaraí sa bhliain 2007 le deimhnithe fíordheimhnithe um shéala agus síniú na nótairí poiblí nó um shíniú na gcoimisinéirí mionnaí ar cháipeisí poiblí le húsáid thar lear, go príomha i ndáil le huchtú leanaí. Eisíodh cur-líon 9,937 deimhniú sa bhliain 2007, ar mhéadú 12.5% ar an mbliain 2006 é.

#### SIBHIALTA

##### An Ard-Chúirt

###### Cásanna nua

Cuireadh tús le 19,435 cás úra san iomlán san Ard-Chúirt sa bhliain 2007, ar mhéadú faoi 26% é ar fhiigiúr 15,432 na bliana 2006. B'amhlaidh go leor den mhéid sin de bharr an mhéadaithe leanúnaigh i dtoghairmeacha díobhála pearsanta, le 5,951 ann sa bhliain 2007, ar dhúbailt é ar fhiigiúr 2,673 na bliana 2006.

Tharla méadú suntasach i gcásanna faillí leighis nua - 566 cás úra á dtionscnamh, ar mhéadú faoi 70% é ar fhiigiúr 334 na bliana 2006. Tháinig méadú ar líon na n-éileamh nua ar fhiacha leachtaithe faoi 21%, chuig 2,292 sa bhliain 2007 aníos ó 1,894 sa bhliain 2006. Chonacthas méadú 21% freisin ar chásanna Barántais Ghabhála Eorpacha, ó 171 sa bhliain 2006 chuig 207 sa bhliain 2007. Tharla líon toghairmeacha ní ba mhó faoin Acht um Chúiteamh Garda, ar mhéadú faoi

85% ó 171 thiar sa bhliain 2006 chuig 317 sa bhliain 2007.

Tháinig méadú ar líon na gcásanna inar deonaíodh breithiúnas ar shuim leachtaithe de bharr ní ba mhó éileamh fiacha leachtaithe. Cláraíodh breithiúnas trí mhainneachtain chun teacht i láthair i 881 cás sa Phríomh-Oifig, aníos go mór ón 576 cás sa bhliain 2006 agus 724 sa bhliain 2005. Tháinig méadú ar bhreithiúnas de bhun Ordú Máistir faoi 25%, ó 157 sa bhliain 2006 chuig 471 sa bhliain 2007. Tharla méadú 17% freisin i Mionnscribhinní Morgáiste Breithiúnais, ó 402 sa bhliain 2006 chuig 471 sa bhliain 2007. Tháinig ní ba mhó ná dúbailt ar chlárúcháin Lis Pendens na hArd-Chúirte (aighnis a bhaineann le díol maoin), ag méadú ó 127 sa bhliain 2006 go dtí 274 sa bhliain 2007. Is san Ard-Chúirt a chláraítear an breithiúnas, beag beann ar pé cúirt inar marcáladh é. Bhí 3,324 clárú sa bhliain 2007, ar mhéadú 12% é i líon foriomlán na gclárúcháin, i gcomparáid le 2,960 sa bhliain 2006.

###### Athbhreithniú Breithiúnach

Bhí 368 iarratas certiorari chun na hArd-Chúirte sa bhliain 2007, méadú 27% ar an líon sa bhliain 2006; 95 iarratas mandamus, méadú beag ar fhiigiúr 90 na bliana 2006; agus 87 iarratas ar thoirmeasc, méadú beag arís ar na 74 iarratas a rinneadh thiar sa bhliain 2006.

B'ionann líon iomlán gach cineál iarratas ar athbhreithniú breithiúnach chun na hArd-Chúirte sa bhliain 2007 agus 1,730, ar mhéadú 12% é ar fhiigiúr 1,541 na bliana 2006.



**An tAcht um Barántas Gabhála Eorpach: Orduithe tugtha sa bhliain 2007**

An Bhliain inar cuireadh tús le himeachtaí	Eiseachadh h (deiridh)	Eiseachadh h (deireadh - le comhthoilíú)	Eiseachadh h diúltaithe	Coinneáil faoi choimeád	Barántas gabhála	Banna ar feitheamh eiseachada	Barántas eiseachada a fhorhnuiníú	Eiseachadh h (iarratais amach)	Ilghnéitheach h	Iomlán de réir bliana an cháis
2004	-	-	-	-	-	-	-	-	1	1
2005	-	-	1	1	-	-	-	-	3	5
2006	21	9	1	5	-	7	2	1	10	56
2007	36	23	3	17	13	61	139	31	14	337
<b>Iomlán</b>	<b>57</b>	<b>32</b>	<b>5</b>	<b>23</b>	<b>13</b>	<b>68</b>	<b>141</b>	<b>32</b>	<b>28</b>	<b>399</b>

**Iarratais ar Athbhreithniú Breithiúnach i gCúrsaí ar Gaolmhar leis an Tearmann iad**

Liostaíodh na hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach i leith chinntí Oifig Choimisinéir Achomhairc Dhídeanaithe, Bhínse Achomhairc na nDídeanaithe agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí um chúrsaí tearmainn ar Liosta Tearmainn na hArd-Chúirte go léir. Rinneadh 1,024 iarratas nua ar athbhreithniú breithiúnach i ndáil leis an tearmann chun na hArd-Chúirte sa bhliain 2007, ar mhéadú 12% é ar fhigiúr na bliana 2006.

Rinneadh 263 ordú inar ceadaíodh athbhreithniú breithiúnach a lorg i gcásanna a bhain leis an tearmann sa bhliain 2007. Is méadú 89% é sin i gcomparáid leis an mbliain 2006 nuair a deonaíodh 139 ordú den chineál úd. Diúltaíodh do chead chun achomhairc i 56 cás. Tharla laghdú beag sna cásanna ina ndearnadh ordú deiridh ar chomhthoilíú, le 343 ordú mar sin déanta sa bhliain 2007 le hais 358 sa bhliain 2006.

**Iarratais ar Athbhreithniú Breithiúnach i gCúrsaí Eile**

Tháinig méadú freisin ar líon na n-iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach, le 706 de na hiarratais sinn ann sa bhliain 2007, ar mhéadú 13% ar iomlán 626 na bliana 2006 é. Ba bheag athrú ar líon na n-iarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a lorg i gcásanna faoi na hAchtanna Pleanála, le 49 cás nua ann sa bhliain 2007 le hais 50 thiar sa bhliain 2006.

**An tAcht um Barántas Gabhála Eorpach**

Tháinig méadú gan staonadh ar líon na n-iarratas faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach amhail na blianta roimhe sin. Rinne an Ard-Chúirt 399 ordú den chineál sin sa bhliain 2007, ar mhéadú 23% é ar na 323 ordú sa bhliain 2006. Bhí 84% de na 399 ordú a rinneadh sa bhliain 2007 i dtaca le himeachtaí ar cuireadh tús leo sa bhliain 2007.

**ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH**

Is féidir iarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a lorg a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcomhair certiorari (chun ordú nó rialú na Cúirte Dúiche, rialaitheora nó binse a neamhniú), mandamus (a chuireann iallach ar Chúirt Dúiche, rialaitheoir nó binse éigin beart éigin a chur i gcrích) nó ordú toirmisc (lena dtoirmeasctar Cúirt Dúiche, rialaitheoir nó binse ó bheart éigin a chur i gcrích). Is iondúil go ndéantar na hiarratais sin i ndáil leis na horduithe nó na cinntí de chuid airí rialtais, údarás áitiúil agus dreamanna eile lena n-áirítear An Bord Pleanála, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an FSS, Bord Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha agus Comhairle na nDochtúirí Leighis.

**Achtanna na gCuideachtaí**

Tháinig méadú faoi 4% le linn na bliana 2007 ar líon na gcásanna ar fhaoiseamh faoi Achtanna na gCuideachtaí ar cuireadh tús san Ard-Chúirt leo, chuig 480 ó 462 sa bhliain 2006. Tháinig méadú ámh sna horduithe a rinneadh sna cásanna nua agus seanbhunaithe faoi Achtanna na gCuideachtaí faoi 18.6%, ó 591 sa bhliain 2006 chuig 701 sa bhliain 2007. Ba shuntasá an méadú sin i ndáil le horduithe d'fhoirceannadh cuideachta ina ndearnadh 42 ordú mar sin i gcomparáid le 32 sa bhliain 2006.

**Liosta Tráchtála**

Tá gnó an Liosta Tráchtála tar éis méadú gach aon bhliain ó cuireadh tús léi thiar sa bhliain 2004. Iontráladh 196 cás sa Liosta sa bhliain 2007, ar mhéadú 73% é ar líon na gcásanna nua i gcomparáid le 2006 nó 43% de gach cás a iontráladh le linn na

gceithre bliana a bhfuil an Liosta ar an saol.

Pléadh le 362 cás san iomlán ó mbliain 2004 i leith. Pléadh le beagnach a leath díobh siúd (48%) nó 173 sa bhliain 2007. Ba é 64 cás (59%) an méadú thar an mbliain 2006.

Ba é 10 seachtaine an meán-achar feithimh ó iontráil ar an Liosta go dtí leithdháileadh dáta éisteachta. Glacadh 21 seachtain ar an meán ó iontráil sa Liosta go dtí tabhairt chun conclúide an cháis.

### Rialúchán na nGairmeacha

Is ag Uachtarán na hArd-Chúirte atá an dlínse plé le hiarratas chun na gairmeacha leighis, fiacloireachta, altranais, tréidliachta agus aturnaetha a rialáil.

### Iarratais faoin Acht Aturnaetha

Rinneadh 63 iarratas faoi gach alt de na hAchtanna Aturnaetha sa bhliain 2007 chuig Uachtarán na hArd-Chúirte, ar mhéadú faoi 30% é ar na 48 iarratas dá leithéid a fuarthas sa bhliain 2006.

Rinneadh go leor de na hiarratais sin faoi alt 48 den Acht Aturnaetha, 1954 (arna leasú ag an Acht Aturnaetha (Leasú), 1994) d'athnuachan deimhniú cleachtas mar a bhfuil fabht san iarratas athnuachana chuig an Dlí-Chumann. Bhí 27 iarratas dá leithéid ann sa bhliain 2007.

Fiosraíonn Binse Achomharc Smachta na nAturnaetha líomhaintí mí-iompair ag aturnaetha arna dtionscnamh ag an Dlí-Chumann nó ag duine éigin den phobal. Cuireann an Dlí-Chumann tuairiscí an Bhinse seo faoi bhráid na hArd-Chúirte. Is amhlaidh sna cásanna sin a bheidh an Bnse tar éis moltaí a thabhairt i leith smachtbhannaí lena

bhféadfaí cur ar fionraí aturnae a áireamh, nó go mbainfí iad de Rolla na nAturnaetha.

Foráiltear sna hAchtanna Aturnaetha gur féidir le hiarratasóir nó an t-aturnae a ndéantar líomhaint an mhí-iompair ina gcoinne an cinneadh an Bhínse a achomharc go dtí an Ard-Chúirt ina iomláine nó i bpáirt. Bhí seacht n-achomharc le linn na bliana 2007 ó chinntí Bhínse Achomhairc Smachta na nAturnaetha go dtí an Ard-Chúirt. Bhí sé sin mar laghdú i líon na n-achomharc sin le hais na bliana 2006, nuair a bhí 17 cás den chineál sin ann.

Rinne an Dlí-Chumann seacht n-iarratas sa bhliain 2007 do chur i láthair na dtaifead cliant (faoi chuid 11(3) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994). Rinneadh 20 iarratas breise chuig an Ard-Chúirt sa bhliain 2007 faoin Acht Aturnaetha (1954-2002). Áiríodh leis na hiarratais sin achomhairc ag aturnaetha ó rialú Choiste Caidrimh Chliant an Dlí-Chumann, tarchur thuairiscí an Bhínse ag an Dlí-Chumann féin, agus iarratais ag an Dlí-Chumann faoi alt 20 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960 (arna leasú) d'ordú coigistithe.

Ina theannta sin ab amhlaidh le linn na bliana 2007 a rinne an Dlí-Chumann dhá iarratas chun na hArd-Chúirte faoi alt 18 den Acht Aturnaetha (Leasú), 2002 i gcomhair ordú do thoirmeasc sárú na nAchtanna Aturnaetha nó na rialachán.

### Comhairle na nDochtúirí Leighis, An Chomhairle Fiacloireachta agus an Bord Altranais

Tá an chumhacht ag Comhairle na nDochtúirí Leighis, an Chomhairle Fiacloireachta agus an Bord Altranais iarratas a dhéanamh don Ard-Chúirt i gcomhair ordú lena bhfionraítear clárú aon chleachtóra. Cosúil leis sin, cleachtóir cláraithe éigin a chinneann

na comhlachtaí rialaitheacha de chuid na ngairmeacha faoi seach bheith neamhinniúil chun cleachtaidh; féadann siad iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcomhair ordú do chealú an chinnidh úd.

Ní mór roinnt de na cúrsaí sin a éisteacht ar bhealach neamhphoiblí éigin de réir an dlí. Tharla 24 iarratas chuig an Ard-Chúirt sa bhliain 2007 faoi Acht na gCleachtóirí Leighis, ar laghdú é ar na 29 iarratas thiar sa bhliain 2006. Tharla 35 iarratas faoi Acht na nAltraí, díreach faoi bhun dhúbailte na 19 iarratas a rinneadh sa bhliain 2006. Tharla trí iarratas faoi Acht na bhFiacloirí, agus ní dhearnadh ceann ar bith i ndáil le cleachtóirí tréidliachta.

Tharla méaduithe nach beag sna horduithe a rinneadh san Ard-Chúirt i ndáil leis an ngairm leighis, le 15 ordú eatramhach agus 23 ordú deiridh um ghnóthaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis (aníos ó 10 agus 16 faoi seach sa bhliain 2006). Cosúil leis sin ab amhlaidh a bhí 13 ordú eatramhacha agus 28 ordú deiridh ann faoi Acht na nAltraí sa bhliain 2007, i gcomparáid le dhá ordú eatramhacha agus 19 ordú deiridh thiar sa bhliain 2006.

### Díobháil Phearsanta

Chonacthas méadú nach beag san Ard-Chúirt i líon na gcaingne díobhála pearsanta sa bhliain 2007. Tugadh 8,045 caingean díobhála pearsanta chun críche, ar mhéadú 49% ar na 5,389 caingean a diúscaíodh sa bhliain 2006.

D'eascair an chuid ba mhó de na méaduithe sin ó bhainistiú Liosta Díobhála Pearsanta Bhaile Átha Cliath mar ar diúscaíodh 5,910 cás, ar mhó ná dúbailte ar 2,448 cás thiar sa bhliain 2006. Pléadh le líon méadaithe cásanna i nDún Dealgan, ag tosú na bliana le 452 cás ar láimh an 1 Eanáir

agus gan ach 124 ar láimh an 31 Nollaig. Glacadh le díreach 164 cás nua ar liosta Dhún Dealgan sa bhliain 2007, agus tugadh 492 díobh chun críche. Ba iad Corcaigh (695 ar láimh ag deireadh na bliana 2007 le hais 534 ag deireadh na bliana 2006) agus Luimneach (1,049 ag deireadh na bliana 2007 i gcomparáid le 794 ag deireadh na bliana 2006) na hionaid ina raibh cásanna ní ba mhó ar láimh ag deireadh na bliana 2007 le hais tús na bliana.

### Oifig an Scrúdaitheora

Tharla 36 leachtú cuideachta nua sa bhliain 2007 i gcomparáid le 29 sa bhliain 2006. Tugadh 75 cás chun críche.

Orduithe Foirceanta de réir aitheantais an Achainigh				
Bliain	Coimisióirí loncaim	Creidiú naí eile	An Chuidea chta féin	Cinn Eile
2003	12	9	6	1
2004	22	7	5	6
2005	24	11	5	4
2006	11	8	5	5
2007	20	7	8	1
<b>Iomlán</b>	<b>89</b>	<b>42</b>	<b>29</b>	<b>17</b>

### Féimheacht

Cuireadh 20 achainíocha féimheachta i láthair na cúirte i gcomparáid le 11 sa bhliain 2006, cé nach raibh aon mhéadú i líon na ndaoine a breithníodh bheith féimheach sa bhliain 2007.

### An Chúirt Chuarda

Tháinig méadú faoi 15% ar líon na mbillí sibhialta sa Chúirt Chuarda sa bhliain 2007 chuig 30,435 ó 26,503 sa bhliain 2006. Bhain ní ba mhó ná 50% (17,481) díobh le sárú conartha/bailiú fiachais. Cásanna díobhála pearsanta a bhí i 25% breise nó 7,154 de na cásanna. I gCeatharlach a bhí an méadú céatadánach ba mhó mar ar eisíodh 553 bille sibhialta sa bhliain 2007 le hais 330 sa bhliain 2006, ar méadú 67% é. D'eisigh ceithre chontae (Cill Chainnigh, Maigh Eo, Muineachán agus Gaillimh) ní ba lú billí sibhialta, le laghdú 34% i nGaillimh, anuas ó 1,350 sa bhliain 2006 chuig 886 sa bhliain 2007.

### An Chúirt Dúiche

#### Ginearálta

Tharla méadú ní ba mhó ná 18% sa ghnó sibhialta sa Chúirt Dúiche, aníos ó 49,965 sa bhliain 2006 go dtí 59,061 sa bhliain 2007. Orduithe tráthchoda ab ea an méadú ba mhó, ó 9,325 go 13,459 sa bhliain 2007, ar mhéadú faoi 44% é. Tháinig méadú ar líon na n-orduithe cimithe freisin, aníos ó 5,930 sa bhliain 2006 chuig 6,425 sa bhliain 2007, ar mhéadú ní ba mhó ná 8% é. Tharla méadú 15% sna breithiúnais achoimre, ó 20,931 sa bhliain 2006 go dtí 23,389 sa bhliain 2007.

### Éilimh Bheaga

Tháinig méadú faoi nach mór 25% ar iarratais faoin nós imeachta um Éilimh Bheaga sa bhliain 2007, ó 2,990 sa bhliain 2006 go dtí 3,734 sa bhliain 2007. Bhain an méadú ba mhó le héilimh lenar bhain troscán, ar tháinig nach mór dúbailt orthu ó 160 sa bhliain 2006 go dtí 311 sa bhliain 2007. Méadaíodh líon na n-iarratas a bhain le

damáiste ar mhaoin phríobháideach ní ba mhó ná 90%, ó 158 sa bhliain 2006 go dtí 303 sa bhliain 2007. Bhí iarratais a bhain le saoire mar 10% de na héilimh iomlána.

Tharla méadú nach beag i líon na n-iarratas nárbh fhéidir plé leo faoin nós imeachta um Éilimh Bheaga, ó 44 sa bhliain 2006 go dtí 589 sa bhliain 2007. D'fhéadfaí an méid sin a chur i leith tabhairt isteach an chórais Éilimh Bheaga ar Líne (féach leathanach ..) ina ligtear don phobal éilimh a thaisceadh ar líne gan iad a phlé roimh ré lena gCláraitheoir Éileamh Beag áitiúil.

Fuarthas 1,552 nó 41.5% de na hiarratais go léir a fuarthas tríd an gcóras Éilimh Bheaga ar Líne.

Socraíodh ní ba mhó ná 50% de gach éileamh ag Cláraitheoir na nÉileamh Beag, agus gan ach 33% á gcur faoi bhráid na cúirte. Tharla laghdú 20% i bhforaitheanta trí mhainneachtain (sa chás nár fhreagair an té a ndearnadh an t-éileamh ina choinne ná nár ghlac siad aon rannpháirt sa chás féin), ó 377 sa bhliain 2006 go dtí 294 sa bhliain 2007. Cuireadh 857 cás faoi bhráid na cúirte, ar mhéadú ní ba mhó ná 17% é ar fhiigiúr na bliana 2006. Díbheadh, scriosadh amach nó tarraingíodh siar 446 de na cásanna sin, le foraitheanta tugtha i bhfuílleach na 411.

## CEADÚNÚ

### An Chúirt Chuarda

Tháinig laghdú foriomlán ar ghnó ceadúnúcháin sa Chúirt Chuarda faoi 17% sa bhliain 2007. Ba iad na saincheadúnais bhialainne an t-aon chatagóir ina bhfacthas méadú, le 64 sa bhliain 2007 le hais 51 thiar sa bhliain 2006. Tháinig laghdú ar líon na gceadúnas do theach tábhairne faoi 17% go dtí 267 anuas ó 322 don



Orduithe an Dlí Teaghligh								
Bliain	Colscaradh (ordú ag an gcúirt)	Colscaradh - réitithe roimh an éisteacht	Colscaradh réitithe ag an éisteacht	Idirscaradh Breithiúnach	Idirscaradh breithiúnach - réitithe roimh an éisteacht	Idirscaradh Breithiúnach - réitithe ag an éisteacht	Iarratais Ilghnéitheacha sa Dlí Teaghligh ag an Ard-Chúirt	Achomhairc chuarda
1998		-	-	-		-	4	
1999	-	-	-	-		-	-	
2000	-	-	-	-		-	1	
2001	-	1	-	-		-	2	
2002	2	-	-	-		-	3	1
2003	1	2	-	1	1	-	2	1
2004	2	-	1	5	4	-	4	1
2005	1	3	3	4	2	7	12	12
2006	8	7	-	7	5	3	15	28
2007	12	4	-	1	2	-	16	15
<b>Iomlán</b>	<b>26</b>	<b>17</b>	<b>4</b>	<b>18</b>	<b>14</b>	<b>10</b>	<b>59</b>	<b>58</b>

bhliain 2006. Tharla laghdú 36% sna ceadúnais óstáin a tugadh amach, anuas ó 98 sa bhliain 2006 go dtí 62 sa bhliain 2007. Tharla laghdú sna ceadúnais chlub a deonaíodh faoi 20%. Tháinig méadú 25% ar na saindeimhniúcháin bhialainne a tugadh amach.

### An Chúirt Dúiche

Tháinig méadú ar na hiarratais cheadúnúcháin sa Chúirt Dúiche aníos ó 106,721 thiar sa bhliain 2006 go dtí 107,317 sa bhliain 2007. Tharla méadú um líon na n-iarratas ar athnuachan ceadúnas do theach tábhairne faoi 29%, ó 1,111 sa bhliain 2006 go dtí 1,432 sa bhliain 2007. Méadaíodh gnó ilghnéitheach lenar áiríodh iarratais ar cheadúnais cheoil agus amhránaíocht agus iarratais ar cheadúnais do thábhairne laistigh d'óstán faoi 12%, ó 8,897 thiar sa bhliain 2006 go dtí 9,933 sa bhliain 2007.

## TEAGHLACH

### An Ard-Chúirt

Bhí laghdú 15% i líon na gcásanna dlí teaghligh ar cuireadh tús san Ard-Chúirt leo sa bhliain 2007, le 97 cás nua ann i gcomparáid le 112 sa bhliain 2006.

Neamhchosúil leis an mbliain 2006, ba iad na fir chéile a rinne ní ba mhó

iarratas ar cholscaradh sa bhliain 2007 (17 nó 51.5%). Maidir leis na mná céile, ba iadsan a rinne 47 nó 90% de na hiarratais chuig an Ard-Chúirt ar idirscaradh breithiúnach.

Rinneadh 58 ordú deiridh le linn 2007 in achomhairc dhlí teaghligh ón gCúirt Chuarda agus rinneadh 81 ordú deiridh in imeachtaí colscartha agus idirscartha bhreithiúnaigh. Socraíodh imeachtaí colscartha roimh an éisteacht deiridh i 17 cás agus le linn na héisteachta féin i gceithre chás. Socraíodh imeachtaí idirscartha bhreithiúnaigh roimh an éisteacht deiridh i 14 cás agus le linn na héisteachta deiridh i 10 gcás. Rinneadh ordú amháin chun aitheantas a thabhairt do cholscaradh eachtrach, fearacht 59 ordú ar dhiúscairt deiridh um imeachtaí teaghligh ilghnéitheacha (lenar áiríodh orduithe iar-cholscartha nó iar-idirscartha i leith coigeartuithe maoine agus pinsin). Rinne an chúirt nach mór 150 ordú ilghnéitheach eatramhach teaghligh freisin. Tháinig tuairim 38% de gach cás colscartha ar cuireadh tús san Ard-Chúirt leo sa bhliain 2007 chun críche laistigh de 12 mí ón dáta eisiúna.

Ní foláir faoin dlí do pháirtithe a iarrann colscaradh gan bheith ina gcónaí le chéile ar feadh tréimhse nach lú ná ceithre bliana. Níl a mhacasamhail de cheangaltas ann i leith idirscaradh breithiúnach.

Bunaithe ar thuairisceáin ar bhonn deonach ag na páirtithe, bhí idirscaradh breithiúnach ag ceithre cinn de na

Orduithe déanta trí thagairt don dáta pósta*		
	Cásanna colscartha	Cásanna idirscartha bhreithiúnaigh
1950s	1	0
1960s	0	0
1970s	6	5
1980s	6	8
1990s	3	8
2000 nó níos déanaí	0	1
* sna cásanna ina nochtadh na sonraí		

Orduithe tugtha trí thagairt don achar ama nach raibh na páirtithe ina gcónaí le chéile*		
	Cásanna colscartha	Cásanna idirscartha bhreithiúnaigh
Fós ina gcónaí le chéile	0	4
0-5 bliana	4	18
5-10 mbliana	7	2
Thar 10 mbliana	4	0
* sna cásanna ina nochtadh na sonraí		

páirtithe a bhí ag lorg colscartha san Ard-Chúirt sa bhliain 2007 cheana féin, agus bhí foraithe colscartha eachtrach roimh ré ag páirtí amháin. Bhí iarratasóir colscartha amháin i mbun éilimh chothabhála sa Chúirt Dúiche, agus bhí éileamh rochtana linbh ag iarratasóir idirscartha bhreithiúnaigh amháin os comhair na Cúirte Dúiche.

## An Chúirt Chuarda

Tháinig méadú ar iarratais ar cholscaradh faoi 2% chuig 4,081 sa bhliain 2007 ó 3,986 sa bhliain 2006. Ba iad na fir chéile a rinne beagnach 62% nó 2,523 de na hiarratais. Tháinig méadú ar líon na gcolscarthaí a deonaíodh faoi 7% ó 3,420 sa bhliain 2006 go dtí 3,658 sa bhliain 2007.

Tharla laghdú i líon na n-iarratas ar idirscaradh breithiúnach faoi ní ba mhó ná 5% ó 1,789 sa bhliain 2006 anuas go dtí 1,689 sa bhliain 2007. Ba iad na mná céile a rinne móramh na n-iarratas (870 nó 51.5%). Méadaíodh líon na n-idirscarthaí breithiúnacha a deonaíodh faoi nach mór 9% chuig 1,167 ó 1,072 sa bhliain 2006.

Bhí 60 iarratas ann ar neamhniú. Ba iad na fir chéile a rinne 33 nó 55% den líon sin. Aontaíodh ar shocruithe cothabhála lenar bhain íocaíochtaí tréimhsiúla nó cnapshuime le céilí nó leanaí i 1,739 cás inar aontaíodh ar thoradh deiridh an cháis. Tháinghas ar chinneadh i leith bhaile an teaghlaigh i 1,028 cás i ndáil leis na cúrsaí sin (aistriú/díol/cónaí). Rinneadh orduithe caomhnóireachta/rochtana i 1,115 cás.

Tháinig laghdú ar líon na n-iarratas faoi chuid 33 den Acht Dlí Teaghlaigh, 1995 (a athchuireadh le halt 47 den Acht Clárúcháin Sibhialta, 2004 le héifeacht ó 5 Samhain 2007) faoi 18%, ó 903 thiar sa bhliain 2006 go dtí 739 sa bhliain 2007. Tharla laghdú i líon na n-orduithe a tugadh faoi 34%, ó 836 thiar sa bhliain 2006 go dtí 546 sa bhliain 2007.

## An Chúirt Dúiche

Tháinig laghdú beag díreach os cionn 1.5% sna hiarratais dlí teaghlaigh, ó 26,680 sa bhliain 2006 go dtí 26,235 sa bhliain 2007.

## Foréigean Baile

Bhí méadú 15% sa bhliain 2007 i líon na n-iarratas a rinneadh faoi reachtaíocht an Fhoréigin Bhaile, aníos ó 9,924 sa bhliain 2006 chuig 11,387 sa bhliain 2007. Tharla méadú 21% i líon na n-orduithe cosanta a lorgaíodh, ó 3,137 sa bhliain 2006 chuig 3,794 sa bhliain 2007. Deonaíodh 3,235 mar chuid d'fhigiúr na bliana 2007, ar mhéadú 13.7% ar an mbliain 2006. Lorgaíodh ní ba mhó orduithe sábháilteachta, le 3,549 iarratas déanta sa bhliain 2007 i gcomparáid le 3,050 sa bhliain 2006.

Deonaíodh 1,552 de na horduithe sábháilteachta a lorgaíodh, aníos ó 27% ar fhigiúr 1,221 na bliana 2006. Tharla méadú ar líon na n-iarratas ar orduithe urchoisc eatramhacha faoi ní ba mhó ná 14% ó 605 sa bhliain 2006 chuig 692 sa bhliain 2007. Méadaíodh líon na n-iarratas a deonaíodh faoi ní ba lú ná 8% chuig 586 sa bhliain 2007 ó 544 sa bhliain 2006. Tharla méadú i líon na n-iarratas ar orduithe urchoisc faoi 7%, ó 3,132 sa bhliain 2006 chuig 3,353 sa bhliain 2007. Méadaíodh líon na n-iarratas a deonaíodh faoi 4.5% ó 1,357 thiar sa bhliain 2006 chuig 1,418 sa bhliain 2007.

Coinníonn céilí orthu de bheith mar an grúpa iarratasóirí i measc na n-iarratasóirí. Bhí a gcuid iarratas mar 55% den iomlán. Tharla ní ba mhó ná dúbailt in áisc na dtuismitheoirí ar orduithe sábháilteachta, aníos ó 102 sa bhliain 2006 go dtí 219 sa bhliain 2007. Tháinig méadú nach beag (48%) i líon na dtuismitheoirí a lorg orduithe cosanta, ó 316 sa bhliain 2006 chuig 467 sa bhliain 2007.

## Caomhnóireacht, Rochtain

Tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar chaomhnóireacht, agus rochtain ar leanaí faoi 3.6% ó 5,027 sa bhliain 2006 chuig 5,210 sa bhliain 2007. Méadaíodh líon na n-iarratas ar rochtain ó 3,281 sa bhliain 2006 chuig 3,475 sa bhliain 2007, ar mhéadú nach mór 6% é. Tharla titim i líon na n-iarratas ó 846 sa bhliain 2006 chuig 814 sa bhliain 2007, ar laghdú 4% é. Tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar chaomhnóireacht agus rochtain faoi díreach os cionn 2%, ó 900 sa bhliain 2006 chuig 920 sa bhliain 2007.

Tháinig laghdú faoi ní ba mhó ná 20% i líon na n-iarratas ar chaomhnóireacht ag aithreacha neamhphósta, ó 1,742 sa bhliain 2006 chuig 1,361 sa bhliain 2007.

## Cothabháil

Pléadh le 4,448 iarratas ar chothabháil sa Chúirt Dúiche sa bhliain 2007, ar mhéadú faoi 5% ar fhigiúr 4,207 na bliana 2006. Rinneadh ní ba mhó ná 60% de na hiarratas ag iarratasóirí neamhphósta le 35% breise ag iarratasóirí pósta. Pléadh le fuilleach na n-iarratas faoin Acht Cothabhála (Dlínsí Eachtracha), 1974.

## Maoirseacht agus Cúram

Tháinig méadú ar líon na n-orduithe maoirseachta sa bhliain 2007 ó 520 sa bhliain 2006 go dtí 555 sa bhliain 2007. Tháinig méadú freisin ar líon na n-orduithe cúraim, ó 1,125 sa bhliain 2006 go dtí 1,200 sa bhliain 2007.

**An Phríomh-Chúirt Choiriúil: Dúnmharú agus Éigniú**

	Cásanna faighte				Cásanna díúscartha
	Dúnmharú	Éigniú	Cásanna Eile	Iomlán	
1996	25	48	0	73	71
1997	28	72	0	100	70
1998	29	130	0	159	106
1999	33	130	0	163	127
2000	42	113	1	156	127
2001	31	92	1	124	131
2002	55	82	0	137	145
2003	39	52	0	91	154
2004	28	40	4	72	135
2005	35	44	4	83	121
2006	33	58	4	95	115
<b>2007</b>	<b>39</b>	<b>73</b>	<b>4</b>	<b>116</b>	<b>123</b>

**COIRIÚIL****An Chúirt Achomhairc Choiriúil**

Fuarthas 267 achomharc sa bhliain 2007 sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, ar mhéadú 9% é ar fhiúir 244 na bliana 2006. Rinne an Chúirt 232 achomharc a dhiúscairt, ar laghdú 30% ar dhiúscairtí na bliana 2006. Níor taisceadh ach díreach 17 de na hachomhairc a bhí ar láimh ag deireadh na bliana 2007 roimh an mbliain 2006, agus 18 arna dtaisceadh sa bhliain 2006. Ba sa bhliain 2007 a taisceadh an fuilleach.

Ba iad na hachair fheithimh do chiontú/chiontú agus pianbhreith ná 8-10 mí. Idir sé agus ocht mí a bhí na hachair fheithimh d'achomhairc phianbhreithe/Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcoinne boige míchuí. Leanadh ar aghaidh ag foráil do chúrsaí tosaíochta mar chuid den athbhreithniú míosúil leanúnach ar achomhairc ag an gCúirt.

**An Phríomh-Chúirt Choiriúil**

Cuireadh tús le 116 cás nua sa Phríomh-Chúirt Choiriúil sa bhliain 2007. Bhain 39 as an méid sin leis an dúnmharú nó dúnorgain, ar mhéadú 18% thar an mbliain 2006 é. Tharla méadú ar líon na gcásanna éignithe don tríú bliain as a chéile. Tharla 73 cás éignithe sa bhliain 2007, ar

mhéadú beagnach 26% é thar an mbliain 2006. Bhí méadú 32% ann sa bhliain 2006 le hais na bliana 2005. Bhain fuilleach na gcásanna le tromionsaí, díspeagadh cúirte agus cás amháin faoin Acht Iomaíochta.

Rinne an Chúirt ní ba mhó cásanna a dhiúscairt ná mar a fuair sí don seachtú bliain as a chéile.

**Dúnmharú**

Thóg an mheántríal dúnmharaithe 8.3 lá sa bhliain 2007 (19 agus 21 lá a mhair an dá thriail ab fhaide; agus an mhair an ceann ba ghiorra díreach 4 lá). Ba é 6.6 lá meánachar na trialach éignithe (mhair an ceann ab fhaide 14 lá; mhair an ceann ba ghiorra 4 lá).

As na cásanna dúnmharaithe ar pléadh leo sa bhliain 2007, pléadh le 25% acu (11 as 44) trí mheán 'ciontach' a phléadail. Iontráladh pléadail chiontach i gcúig chás dúnmharaithe i gcaitheamh na trialach. Chuathas chun trialach giúiré i gcúig chás fichead de na cásanna dúnmharaithe inar iontráladh pléadail 'neamhchiontach', agus trí chás dúnmharaithe á ndiúscairt ar mhalairt slí éigin (dhá Nolle Prosequi agus ceann amháin básaithe).

D'eascair éigíontú in ocht gcinn de na 25 cás dúnmharaithe a cuireadh chun trialach, fóirasc ciontach i ndúnmharú in dáréag, agus fóirasc ciontach in iarracht ar dhúnmharú i bhfuilleach na

gcúig chás (1), dúnorgain (3) agus dúnorgain le freagracht laghdaithe (1). Tharla ciontú i ndúnorgain in ocht gcinn de na cásanna dúnmharaithe inar pléadáladh ciontach.

**Éigniú**

Tugadh pléadail chiontach i 20 cás as na 73 cás éignithe ar pléadh leo sa bhliain 2007, agus iontráladh pléadail chiontach i gceithre chás le linn na trialach féin. Phléadail cúig dhuine tríochad neamhchiontach agus pléadh leo faoi thriail ghiúiré. Díúscaíodh an fuilleach mar seo a leanas: beirt bhásaithe, seisear Nolle Prosequi, trí bharántas binse, ceann amháin neamhoiriúnach chun pléadail agus neamhnaíodh beirt eile.

As na 35 cás a cuireadh chun trialach os comhair giúiré ab amhlaidh a tharla 21 ciontú, 13 éigíontú agus cás amháin ina raibh easaontas sa ghiúiré.

**An Chúirt Chuarda**

Bhain beagnach 25% de gach cion sa Chúirt Choiriúil Chuarda sa bhliain 2007 le goid, gadaíocht nó robáil. Bhain ionsaithe le 21% breise díobh. D'fhreagair cionta drugaí do nach mór 14%, agus cionta gnéasacha ag beagnach 12% de líon iomlán na gcionta.

Méadaíodh líon na ngiúróirí a toghaireadh le freastal ar an gcúirt ó 97,069 sa bhliain 2006 go dtí 110,161 sa bhliain 2007, ar mhéadú 13% é. Mhair dhá dhá de gach triail choiriúil idir dhá agus cúig lá, le 29 triail bhreise ag maireachtáil ar feadh sé lá nó ní ba mhó. Tugadh chun críche 26% de na trialacha laistigh de lá amháin nó ní ba lú.

## An Chúirt Dúiche

Tháinig méadú ar chúrsaí coiriúla sa Chúirt Dúiche faoi ní ba mhó ná 15%, ó 378,047 sa bhliain 2006 go dtí 436,617 sa bhliain 2007. Tharla an méadú ba mhó sna cásanna achoimre inar tháinig méadú faoi bheagnach 18% ó 329,775 go dtí 388,345. Níor tháinig aon athrú ar chásanna indíotáilte ar pléadh go hachomair leo. Choinnigh cionta tráchta ar bhóithre orthu mar chion mór de shaothar na Cúirte Dúiche le ní ba mhó ná a leath de gach cás ar pléadh leo a bhain leis na cionta sin - 281,641 san iomlán sa bhliain 2007 aníos ó 224,848 sa bhliain 2006, ar mhéadú ní ba mhó ná 25% sa bhliain 2007 thar fhigiúr na bliana 2006.

Ciontaíodh ní ba mhó ná 5,500 duine i dtiomáint chontúirteach sa bhliain 2007, ar mhéadú faoi 2% é. Tharla méadú ní ba mhó ná 8% i líon na ndaoine a ciontaíodh i dtiomáint mheisciúil, aníos ó 26,919 sa bhliain 2006 go dtí 29,127 sa bhliain 2007.

Tháinig méadú faoi nach mór 12% ar chásanna a bhain le cionta drugaí, ó 8,842 sa bhliain 2006 go dtí 9,870 sa bhliain 2007. Tharla méadú freisin sna cionta gnéasacha faoi bheagnach 25%, ó 415 sa bhliain 2006 aníos go 517 sa bhliain 2007. Bhí laghdú 7% i líon na gcionta rialach poiblí, anuas ó 38,700 sa bhliain 2006 go dtí 35,964 sa bhliain 2007, agus tharla laghdú 6% i gcionta gada, ó 24,463 sa bhliain 2006 go dtí 22,937 sa bhliain 2007.

Scríosadh amach 164,541 cás sa bhliain 2007, ar mhéadú 35% é ar fhigiúr 121,871 na bliana 2006. Scríosadh amach 40% de gach cás achomair ar pléadh leo sa bhliain 2007. Díbheadh 17% breise díobh - 14,646 sa bhliain 2007, ar mhéadú ar fhigiúr 12,727 na bliana 2006.

Méadaíodh líon na bhfíneálacha faoi ní ba mhó ná 11% ó 95,913 sa bhliain 2006 go dtí 106,965 sa bhliain 2007.

An Chúirt Dúiche		
Cásanna a Diúscaíodh	2007	2006
Cásanna achoimre	<b>388,345</b>	329,775
Cásanna indíotáilte ar pléadh go hachomair leo	<b>48,272</b>	48,272
Gach cás a Diúscaíodh	2007	2006
Riail phoiblí/ionsaí	<b>35,964</b>	38,700
Drugaí	<b>9,870</b>	8,842
Goid	<b>22,937</b>	24,463
Cionta tráchta ar bhóithre	<b>281,641</b>	224,848
Cionta gnéasacha	<b>517</b>	415
Eile *	<b>85,688</b>	80,779
<b>Iomlán</b>	<b>436,617</b>	<b>378,047</b>



CAIBIDIL 3  
TACAÍOCHT A THABHAIRT DO NA  
BREITHIÚNA



# CAIBIDIL 3

## TACAÍOCHT A THABHAIRT DO NA BREITHIÚNA

### LÍON NA MBREITHIÚNA AMHAIL 31 NOLLAIG 2006

	Líon a cheadaítear sa reachtaíocht	Líon atá ag freastal
An Chúirt Uachtarach	8	8
An Ard-Chúirt	34	33
An Chúirt Chuarda	34	33
An Chúirt Dúiche	55	55
<b>lomlán</b>	<b>131</b>	<b>129</b>

### LÍON NA MBREITHIÚNA AMHAIL 31 NOLLAIG 2007

	Líon a cheadaítear sa reachtaíocht	Líon atá ag freastal
An Chúirt Uachtarach	8	8
An Ard-Chúirt	38	37
An Chúirt Chuarda	38	38
An Chúirt Dúiche	61	60
<b>lomlán</b>	<b>145</b>	<b>143</b>

Tl measc na n-aidhmeanna a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach tá go leor tionscnaimh chun tacaíocht a thabhairt do na breithiúna agus socrúithe laethúla a fheabhsú idir na breithiúna agus baill foirne. Tá bearta ann freisin chun cúnaimh a thabhairt do bhreithiúna ualach oibre atá ag dul i méid a bhainistiú. Bhuail bainisteoirí go rialta leis na breithiúna i 2007 chun gnó cúirte a phlé agus modhanna a cheapadh chun bainistíocht liostaí na gcúirteanna a fheabhsú.

### TACAÍOCHT RIARACHÁIN

#### An Institiúid um Staidéir Bhreithiúnacha agus an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúna

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag cur tacaíocht riaracháin ar fáil don Institiúid um Staidéir Bhreithiúnacha agus don Bhord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúna, dhá eagraíocht atá neamhspleách ar an tSeirbhís.

#### Coistí Rialacha na Cúirte

Lean an tSeirbhís ar aghaidh freisin ag cur tacaíocht riaracháin, taighde agus acmhainní dréachta ar fáil don trí Choiste Rialacha na Cúirte i bhfoirm aonad tacaíochta amháin ar feithimh an Bille um an Díl Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 a achtú. Tá foráil sa Bhille chun rúnaíocht comhaontaithe a bhunú ar bhonn reachtúil do na coistí seo.

### TACAÍOCHT D'OBAIL NA GCÚIRTEANNA

#### Suíonna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath

##### An Ard-Chúirt

Tá traidisiún fada ag an Ard-Chúirt de thaisteal ar chuaird chun cásanna díobhála pearsanta agus Achomhairc ón gCúirt Cuarda a éisteacht. Lean an treoirhionscadal, a bhunaigh Uachtarán na hArd-Chúirte i 2006 chun raon na gcásanna a éistfidh an Ard-Chúirt i mbailte cúigeacha agus príomhbhailte contae, ar aghaidh i 2007. Is é an cuspóir atá ann ná cinntiú go sanntar dátaí luaithe cinnte do chásanna, go leathnaítear gnó na hArd-Chúirte timpeall na tíre agus go

mbaintear úsáid as na tithe cúirte móra a athchóiríodh le déanaí ar fud an Stáit chun leasa úsáideoirí na gcúirteanna. Tugadh tacaíocht mhór don tionscnamh seo nuair a ceapadh breithiúna breise chuig an Ard-Chúirt. I 2007, bhí 37 breithiúna Ard-Chúirte i mbun oibre i gcomparáid le 33 i 2006.

Shuigh an Ard-Chúirt in ionaid réigiúnacha chun déileáil le haisghabháil fiacha, díospóidí conartha agus ábhar eile gan ghiúiré. Le linn 2007, baineadh úsáid as na tithe cúirte i nDún Dealgan agus sa Nás go minic do chásanna a éisteadh go traidisiúnta i mBaile Átha Cliath. Shuigh an Ard-Chúirt i mBré, i gCorcaigh, i Luimneach, sa Bhrú, i gCaisleán an Bharraigh agus in Inis freisin. Shuigh an Ard-Chúirt i gcomhair os cionn 200 lá breise i 2007 i gcomparáid le 2006.

Méadóidh líon na suíonna agus raon na n-ionad taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath i 2008, le buntáistí ag eascirt as sin do pháirtithe agus d'úsáideoirí áitiúla na gcúirteanna i mbailte cúigeacha agus príomhbhailte contae.

### BUNTÁISTÍ A BHAINNEAN LE HÉISTEACHTAÍ TAOBH AMUIGH DE BHAILE ÁTHA CLIATH

- Tugtar dátaí níos luaithe do chásanna
- Scaiptear gnó na hArd-Chúirte timpeall na tíre, rud a chuireann rochtain níos áitiúla ar fáil d'aturnaetha agus don phobal
- Baintear úsáid as tithe cúirte níos mó a athchóiríodh le déanaí chun leasa lucht úsáidte áitiúil na gcúirteanna
- Bíonn costais níos lú d'úsáideoirí, ina measc na Gardáí Síochána, an tSeirbhís Phríosúin, dlíthithe, finnítithe, íospartaigh, teaghlaigh agus gaolta.

### An Phríomh-Chúirt Choiriúil

Leanadh ar aghaidh leis an mbeartas de shuíonna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath chun déileáil le cásanna dúnmharaithe agus banéigin i 2007 freisin. Thug an tSeirbhís cúnamh d'Uachtarán na hArd-Chúirte chun éisteachtaí a shocrú i Luimneach, i gCorcaigh, sa Chabhán, i nGaillimh, i gCnoc na Seimre agus i dTrá Lí – 57 lá suí san iomlán.

### Méadú i líon na laethanta suí

#### An Chúirt Chuarda

Bhí sé mar thosaíocht i gcónaí sa Chúirt Chuarda an riaráiste i gcásanna coiriúla a laghdú i 2007. Chuige seo, rinne Uachtarán na hArd-Chúirte acmhainní breithiúnacha breise a sannadh chuig Tulach Mhór, An Muileann gCearr, Port Laoise, Ros Comáin, Cill Chainnigh, Baile Átha Troim, Luimneach, Inis, An Nás, Cill Mhantáin, Leitir Ceanainn, Gaillimh, Cora Droma Rúisc, Muineachán, Sligeach, An tAonach, Port Láirge, Corcaigh, Loch Garman agus Trá Lí. D'fhan seisear Breithiúna sannta go lánaimseartha d'obair choiriúil i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath.

#### An Chúirt Dúiche

Eagraíodh suíonna breise sa Chúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath i Lúnasa agus Meán Fómhair 2007, chun éascú le roinnt cásanna a dhiúscairt níos luaithe.

Eagraíodh suíonna speisialta den Chúirt Dúiche i mbeagnach gach contae. I measc na samplaí, tá:

- Cúirt Dúiche Bré, áit ar eagraíodh ceithre sheachtain de shuíonna breise idir Meán Fómhair agus Nollaig 2007 le breitheamh breise

sannta ag Uachtarán na Cúirte Dúiche chun riaráiste cásanna a ghlanadh.

- Cúirt Dúiche Loch Garman, áit ar eagraíodh cúig sheachtain de shuíonna breise chun díriú isteach ar chásanna tiomána ar meisce go sonrach agus rinneadh níos mó de 100 cás breise a dhiúscairt
- Cúirteanna Dúiche Chill Mhantáin agus an Inbhir Mhóir áit a cheadaigh an tUachtarán acmhainní breithiúnacha breise chun lá ar leith a shocrú don dlí teaghlaigh gach mí
- Chomh maith leis sin socraíodh dhá lá in aghaidh na míosa d'éisteachtaí coiriúla amháin i mBré le cúirteanna athchurtha agus toghairme ag méadú ó ceithre chinn go sé chinn in aghaidh na míosa.

### Dlí Teaghlaigh sa Chúirt Dúiche

Leanadh ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn i rith na bliana chun cásanna dlí teaghlaigh a scaradh ó obair eile na cúirte trí laethanta suí ar leithligh a sholáthar. I gCúirteanna Dúiche Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí leanadh ar aghaidh ag sannadh breithiúna chuig na cúirteanna dlí teaghlaigh ar bhonn lánaimseartha. Roimh dheireadh na bliana bhí suíonna tiomnaithe ar siúl i 42 ionad ar fud na tíre. De réir a chéile táthar ag déileáil le céatadán níos airde de chásanna dlí teaghlaigh sna hionaid níos mó cosúil le bailte contae áit a bhfuil áiseanna oiriúnacha agus níos mó príobháideachta ar fáil. I mBaile Átha Cliath éistear le cásanna dlí teaghlaigh i dTeach an Charnáin (Lár na Cathrach), Sord, Dún Laoghaire agus Baile Brigín.

Lean Cláráitheoirí na Cúirte ar aghaidh ag éascú diúscairt éifeachtúil ar chásanna Ard-Chúirte trí liostaí a ghlaoch roimh do na breithiúna suí i liostaí áirithe, ina measc dlí coiteann, seansaireacht agus díobháil phearsanta.

### Tuarascálacha a sholáthar do na Cúirteanna Teaghlaigh

Faoi dheireadh na bliana bhí socruithe déanta le go ndéanadh an tSeirbhís Phromhaidh bainistiú ar thuarascálacha a sholáthar faoi alt 47 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 do na cúirteanna dlí teaghlaigh trí phainéal d'oibrithé promhaidh/sóisialta a bhunú. Beidh an tseirbhís seo maoinithe ag an tSeirbhís Chúirteanna.

### Dul chun cinn cásanna

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag tabhairt cúnamh do bhreithiúna chun próiseáil cásanna atá roimh na cúirteanna a fheabhsú. I 2007 bhí feabhsuithe ann maidir le dul chun cinn cásanna de bharr roinnt tionscnaimh:

#### An Ard-Chúirt

Ullmhaíodh dréachtscéim mionsonraithe de rialacha i gcomhair dul chun cinn cásanna maidir le dlíthíocht Ard-Chúirte go ginearálta, chomh maith le scéim i réimse na rialacha cúirte. Déantar tagairt níos mionsonraithe dóibh ar leathanach 41.

#### An Chúirt Chuarda

Rinne Coiste Rialacha na Cúirte Chuarda dréachtrialacha i gcomhair dul chun cinn cásanna in imeachtaí dlí

## Ionaid Chúirte Dúiche le suíonna tiomnaithe do dhlí teaghlaigh

Dúiche Uimh.	Ionad	Minicíocht na Suíonna Dlí Teaghlaigh
	Baile Átha Cliath	Gach lá
1	Baile Dhún na nGall	lá amháin in aghaidh na míosa
1	Leitir Ceanainn	lá amháin in aghaidh na míosa
2	Sligeach	lá amháin in aghaidh na míosa
3	Béal an Átha	lá amháin in aghaidh na míosa
3	Caisleán an Bharraigh	lá amháin gach dara mí, ag malartú le Cathair na Mart*
3	Cathair na Mart	lá amháin gach dara mí, ag malartú le Caisleán an Bharraigh*
5	An Cabhán	lá amháin in aghaidh na míosa
5	Muineachán	lá amháin in aghaidh na míosa
6	Droichead Átha	lá amháin in aghaidh na míosa
6	Dún Dealgan	lá amháin in aghaidh na míosa
7	Gaillimh	dhá lá in aghaidh na míosa (ach amháin mí Mheán Fómhair – lá amháin)
8	Baile Átha Luain	tráthnóna gach suí cúirte
8	An tAonach	tráthnóna gach suí cúirte
9	An Muileann gCearr	lá amháin in aghaidh na míosa
9	Tulach Mhór	lá amháin in aghaidh na míosa
10	Baile Átha Troim	tráthnóna gach Aoine (ní bhíonn suí an 5ú Aoine de mhí)
12	Inis	lá amháin in aghaidh na míosa
13	Lios Tuathail	lá amháin in aghaidh na míosa
14	Luimneach	lá amháin in aghaidh na seachtaine
14	Durlas	lá amháin in aghaidh na míosa
15	Port Laoise	lá amháin in aghaidh na míosa
16	An tInbhear Mór**	lá amháin in aghaidh na míosa
16	Bré	lá amháin in aghaidh na míosa
16	Cill Mhantáin**	lá amháin in aghaidh na míosa
17	Cill Airne	lá amháin gach dara mí
17	Trá Lí	lá amháin gach dara mí
19	Corcaigh	dhá lá in aghaidh na seachtaine
20	Mainistir Fhear Maí	lá amháin in aghaidh na míosa
20	Mala	lá amháin in aghaidh na míosa
21	Cluain Meala	lá amháin in aghaidh na míosa*
21	Eochail	éistear ag deireadh an liosta iad
22	Cill Chainnigh	lá amháin in aghaidh na míosa
22	Ceatharlach	lá amháin in aghaidh na míosa
23	Loch Garman	lá amháin in aghaidh na míosa
24	Port Láirge	lá amháin in aghaidh na míosa
25	An Nás	lá amháin in aghaidh na míosa*

\* Déantar socruithe chun éisteacht le liostaí teaghlaigh ar leithligh i roinnt ionaid áirithe, cé nach mbíonn an lá tiomnaithe go hiomlán d'ábhair theaghlaigh.

\*\* San Inbhear Mór agus i gCill Mhantáin, is féidir go mbeidh roinnt cásanna sibhialta liostaithe ar na laethanta seo freisin.

## BUNTÁISTÍ A BHAINNEAN LE HATHEAGRÚ DÚICHÍ NA CÚIRTE DÚICHE

- Téann sé i ngleic leis na hathruithe déimeagrafacha agus sóisialta (lena n-áirítear feabhsuithe ar na bóithre agus daoine ag baint níos mó úsáide as na bóithre) a tháinig chun cinn le 45 bliain anuas.
- Faigheann sé réidh le suíonna gearra in ionaid bheaga, rud a chiallaíonn go bhfuil laethanta iomlána saor i gcomhair suíonna in ionaid níos mó
- Tugann sé deis chun laethanta breise a chur ar leataobh chun cásanna dlí teaghlaigh amháin a éisteacht
- Cuireann sé ar chumas an t-ualach oibre a dháileadh ar bhreithiúna ar bhealach níos cothromaí, go háirithe in oirthear na tíre

teaghlaigh a fhorghnóthú i rith na bliana. Tá tuilleadh sonraí faoin scéim a bheidh i gceist ar leathanach 42.

## Cásanna na nÓg

I rith na bliana 2007 d'eagraigh roinnt Cúirteanna Dúiche laethanta ar leithligh chun cásanna na n-óg a éisteacht. Ina measc bhí Ceatharlach, Gaillimh, Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Béal an Átha, Port Láirge agus Corcaigh.

Lean obair ar aghaidh chun suíonna áitiúla den Chúirt Leanaí i mBaile Átha Cliath. Ó mí Mheán Fómhair 2007 ar aghaidh éistfead cásanna nua na n-óg ar fad i dTamhlacht. Éistfead cásanna na n-óg i mBaile Bhlainséir nuair a bheidh áiseanna cúirte nua in áit i 2008.

### Dúichí agus Limistéir na Cúirte Dúiche a Atheagrú

Lean obair ar atheagrú mór ar Dhúichí na Cúirte Dúiche ar aghaidh i 2007. Seo an chéad atheagrú mór ar Dhúichí na Cúirte Dúiche ó 1961 i leith agus tá athbhreithniú iomlán ar ionaid, suíonna agus ualaí oibre na gcúirteanna i gceist leis. Cruthóidh an t-atheagrú ualaí oibre níos cothromaí sna Dúichí. Tá athruithe suntasacha déimeagrafacha agus sa daonra tar éis tarlú i go leor acu le blianta beaga anuas.

Tiocfaidh an chéad chéim den atheagrú i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2008. Clúdóidh sé na contaetha seo a leanas: Muineachán, An Cabhán, Lú, An Mhí, Cill Dara, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Port Láirge, Loch Garman agus Cill Mhantáin. Bunófar dhá Dúiche nua: Clúdóidh Dúiche Uimh. 24 Cathair Phort Láirge agus clúdóidh Dúiche Uimh. 25 Contae Chill Dara. Leanfar ar aghaidh leis an dara céim den atheagrú i 2008, a chlúdóidh an 15 chontae eile.

### Coiste na Cúirte Dúiche

Rachaidh atheagrú Dúichí na Cúirte Dúiche i ngleic le go leor de na ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar obair na Cúirte Dúiche. Caithear ceisteanna oibriúcháin agus acmhainne a mheas ar leithligh. Bhunaigh an Bord coiste i rith na bliana, le breitheamh ón gCúirt Uachtarach ina chathaoirleach air, chun scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais oibriúcháin agus acmhainne seo. Go háirithe, déanfaidh an coiste scrúdú oibiachtúil ar na hacmhainní breithiúnacha agus riaracháin atá ag teastáil sa Chúirt Dúiche, ag déanamh tagartha d'athruithe i gcineál agus i gcastacht oibre na Cúirte Dúiche le blianta beaga anuas. Scrúdóidh sé na seirbhísí tacaíochta atá ag teastáil ón gCúirt freisin agus déanfaidh sé moltaí don Bhord.

### Ceartas Aisiríoch

Lean an Chúirt Dúiche ar aghaidh ag obair leis an tSeirbhís Phromhaidh áitiúil chun scéimeanna ceartais aisiríoch bunaithe sa phobal a chur i bhfeidhm san Aonach agus i dTamhlacht.

### TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

#### Córais Deachtúcháin Dhigitigh

Roghnaíodh feidhmchlár deachtúcháin dhigitigh le córas aitheanta gutha mar dlúthchuid de chun cúnaimh a thabhairt do bhreithiúna i rith na bliana. Cuireadh tús le hobair ar threoirthionscadal le tacaíocht ó roinnt breithiúna. Déanfar athbhreithniú ar an treoirthionscadal i lár na bliana 2008.

#### Córas Thaifeadadh Digiteach Fuaimne

I rith 2007, chuir an tSeirbhís soláthar mór i gcrích chun córas thaifeadadh digiteach fuaimne a roghnú. Leis an gcóras seo, beifear in ann imeachtaí i seomraí cúirte a thaifeadadh, rud a chuireann taifead cruinn den fhianaise ar fáil. Is féidir rochtain a fháil ar an taifead seo chun athscríbhinní a ullmhú nó le seinm ar ais laistigh den seomra cúirte nó in áit eile de réir mar a bhíonn sé ag teastáil.

Cuirfeadh an córas isteach ar bhonn píolótach ar dtús sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Chuarda. Tá tuilleadh sonraí le fáil ar leathanach ...

### Físchomhdháil/Nasc Físe

Lean obair ar aghaidh i rith na bliana chun líon na seomraí cúirte inar féidir fianaise a thabhairt ag úsáid áiseanna físchomhdhála/naisc físe a mhéadú. Tá tuilleadh sonraí le fáil ar leathanach

### Breathnú ar fhíseán

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag cur áiseanna ar fáil chun breathnú ar fhianaise le linn do chásanna a éisteacht. Cuimsíonn an fhianaise seo taifid ar agallaimh i stáisiúin na nGardaí agus píosaí scannáin ó cheamaraí slándála TCI. Tá tuilleadh sonraí le fáil ar leathanach ...

### Faisnéis Staitistiúil

Bhíothas in ann raon agus caighdeán na faisnéise staitistiúil ar obair na gcúirteanna do bhreithiúna de bharr an fheabhsúcháin leanúnach sna córais faisnéise agus teicneolaíochta. I rith na bliana cuireadh tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí cúirte thar na dlínsí ar

fáil chun cúnaimh a thabhairt do bhreithiúna bainistíocht a dhéanamh ar liostaí cúirte, réimsí ina bhfuil obair ag dul i méid agus ag laghdú a thaispeáint agus faisnéis a sholáthar ar raon cúrsaí.

### Trealamh




Leanadh ar aghaidh ag soláthar gléasanna láimhe gan sreang do bhreithiúna i rith na bliana. Beidh nuachóiriú ar an gcóras reatha do ríomhairí glúine mar chuid den chéad chéim eile chun áiseanna cianrochtana a fheabhsú. Ligfidh sé seo do rochtain ar líonra na Seirbhíse ag baint úsáid as raon de mheáin cumarsáide cosúil le leathanbhanda, WiFi agus teicneolaíocht soghluaiste (GPRS/3G). Críochnaíodh an tástáil ar an gcóras cianrochtana seo i 2007.

Faoi dheireadh na bliana bhí socrúithe déanta chun ríomhairí glúine agus ríomhairí táibléid nua a sholáthar le dáileadh ar bhreithiúna, ag tosú le breithiúna na Cúirte Uachtaraí go luath i 2008.

### SEIRBHÍSÍ ATEANGAIREACHTA

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag cur seirbhísí ateangaireachta d'ardchaighdeán ar fáil do na cúirteanna i rith na bliana. Cuireadh ateangairí ar fáil sna cúirteanna ar fad chun rochtain ar cheartas a éascú dóibh siúd nach bhfuil an Béarla mar chéad teanga acu. Leanadh ar aghaidh ag fostú soláthróir seirbhíse amháin chun déileáil leis an gá d'ateangairí agus an raon difriúil teangacha atá ag teastáil atá ag dul i méid agus le cinntiú go bhfuil an caighdeán seirbhíse cuí ann.

Chuir an tSeirbhís seirbhísí ateangaireachta ar fáil i 75 teanga i 2007. Ba hiad na príomhtheangacha a raibh tóir orthu ná Polainnis, Liotuáinis, Rómáinis, Rúisis agus Mandairínis (Sínis). Bhí méadú mí in aghaidh na míosa i líon na n-iarratas ar na teangacha seo i 2007 mar a léiríonn na míonna samplacha seo a leanas:



## ÁISEANNA LEABHARLAINNE AGUS TAIGHDE

### Áiseanna leabharlainne

Lean na hacmhainní faisnéise a chuirtear ar fáil do na breithiúna i Leabharlann na mBreithiúna ar aghaidh ag fás i 2007. Chomh maith le raon leathan d'fhoinse leictreonacha ar líne d'ardchaighdeán, tá bailiúchán suntasach cruachóipe ag an leabharlann de théacsleabhair, tréimhseacháin, saothar tagartha, tuarascálacha dlí agus breithiúnais nár tuairiscíodh, reachtaíocht, innéacsanna agus achoimrí, Díospóireachtaí an Oireachtais agus foilseacháin oifigiúla.

Fuarthas nithe ar iasacht idirleabharlainne nó ó sheirbhísí soláthair doiciméid nuair nach raibh siad ar fáil sa bhailiúchán. Bhain léitheoirí úsáid as an tseirbhís ar an áitreabh, trí chumarsáid ríomhphoist, trí theileafón agus facs, agus trí síntiúis leictreonacha a úsáid go díreach.

Chuir baill foirne na leabharlainne oiliúint agus cúnaimh ar fáil do léitheoirí maidir leis na hacmhainní faisnéise dífríúla a úsáid. Bhain pearsanra na leabharlainne leas as deiseanna forbartha agus oiliúna gairmiúil chun fanacht suas chun dáta le treochoirte agus úsáid na gcleachtas is fear.

## COMHALTAÍ BREITHIÚNACHA

Faoi dheireadh na bliana bhí socruithe á dhéanamh chun comhaltaí breithiúnacha a fhostú chun cúnaimh a thabhairt do bhreithiúna na hArd-Chúirte. Rachaidh na comhaltaí i mbun taighde dlíthiúil, scríbhneoireacht, tiomsú ábhair, eagarthóireacht agus cúraim eile, lena n-áirítear freastal sa chúirt.

## CÓIRÍOCHT

Leanadh ar aghaidh ag cur cóiríocht feabhsaithe agus áiseanna eile do bhreithiúna mar chuid den Chlár Tógála Caipitil a bhfuil cur síos air i gCaibidil 4.

## CUAIRTEANNA EACHTRACHA

Chabhraigh an tSeirbhís le cuairteoirí breithiúnacha ó go leor tíortha i rith na bliana. I measc na dtíortha bhí Aontas na nÉimírichtaí Arabacha, Leosóta, an Iorua, an tSualainn, an Fhionlainn, an

Eilbhéis, Stáit Aontaithe Mheiriceá, Srí Lanca, an Bhoisnia, an Fhrainc, Sasana, Tuaisceart Éireann, an Astráil agus an Téaváin. San áireamh sna cláir a bhí curtha in oiriúint chun riachtanais saineiúla na ngrúpaí aonair a chomhlíonadh, bhí deiseanna chun buaileadh leis na breithiúna agus baill foirne na gcúirteanna agus chun freastal ar raon d'éisteachtaí cúirte. Eagraíodh clár imeachtaí freisin do chomhaltaí ón Chúirt Bhreithiúnais Eorpach.



CAIBIDIL 4  
NUACHÓIRIÚ NA GCÚIRTEANNA

# CAIBIDIL 4

## NUACHÓIRIÚ NA GCÚIRTEANNA

Lean nuachóiriú na gcúirteanna ar aghaidh, treoraithe ag Plean Straitéiseach na Seirbhíse Cúirteanna 2005-2008, atá i gcomhréir le clár nuachóirithe an Rialtais don tseirbhís phoiblí é féin. Leag na comhpháirtithe sóisialta amach go leor de na bearta atá sa Plean Straitéiseach ina dhiaidh sin in I dTreo 2016. Ina measc tá tiomantais do sheirbhís custaiméara feabhsaithe, rialáil níos fearr, teicneolaíocht nua, forbairt ar sheirbhísí ríomhRialtais, foirgnimh feabhsaithe, faisnéis níos fearr don phobal agus athruithe sna struchtúir agus próisis reatha chun seirbhísí a feabhsú. Cuireadh tuarascálacha ar dhul chun cinn a rinneadh chun na spriocanna a léiriú i bPlean Gnímh I dTreo 2016 na Seirbhíse a chomhlíonadh faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i Márta agus Nollaig 2007. Is é an dúshlán atá roimh an tSeirbhís fós ná seirbhís den scoth a chur ar fáil, agus é a sholáthar ar bhealach a chomhlíonann na riachtanais atá ag saoránaigh. Chun dul i ngleic leis an dúshlán seo caithfidh an tSeirbhís leanúint ar aghaidh ag athrú agus ag athstruchtúir chun eagraíocht nua-aimseartha atá ag súil chun cinn a chruthú, a bhfuil sé ar chumas aici déileáil leis na ceisteanna atá ann in Éirinn san aonú haois is fiche. Chun an próiseas athraithe agus athstruchtúrtha seo a fhócasú, tá forbairt déanta ag an tSeirbhís, le blianta beaga anuas, ar chlár bhainistíocht/cheannasaíocht athraithe a dhíríonn ar fhorbairt foirne agus riachtanais custaiméirí. I 2007 bhí an Clár Athraithe á thiomáint ag tionscadail mhóra cosúil le Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna, an Córas Cuntasaíochta Cistí, an Córas Bainistíochta um Chásanna Sibhialta, an Córas Bainistíochta um Chásanna Coiriúla, Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla, Pleanáil Gnó agus an Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin.

### SEIRBHÍS CUSTAIMÉARA

#### Grúpaí Úsáideoirí

Tá an tSeirbhís fós tiomanta chun seirbhís d'ardchaighdeán atá dírithe ar chustaiméirí ar fáil dóibh siúd a bhaineann úsáid as na cúirteanna. Chun an tiomantas seo a chomhlíonadh, téitear i mbun comhairliúcháin go minic le grúpaí ionadaithe chun faisnéis a chur ar fáil don tSeirbhís faoi riachtanais custaiméirí. I measc na ngrúpaí seo tá comhlachtaí gairmiúla cosúil le Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann, Cumainn Barra Aturnaetha, Cumann na nDlíodóirí Teaghlaigh, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn, Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, an tSeirbhís Phríosúin, An Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, Oifig an Stiúrthóra Ionchúisimh Poiblí, Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, Gníomhaireachtaí Dlí, eagraíochtaí Tacaíochta d'Íospartaigh agus eagraíochtaí tathanta éagsúla eile. I mBaile Átha Cliath, tháinig sé ghrúpa úsáideoirí le chéile 3 huairé i rith na bliana. Tháinig grúpaí áitiúla agus réigiúnacha a eagraíodh ar bhonn tras-dlínsiúil le chéile uair amháin ar a laghad agus freisin nuair a bhíodas ag tabhairt faoi thionscadail áitiúla ar leith.

Chomh maith leis seo, eagraíonn an tSeirbhís fóram bliantúil dá úsáideoirí ar fad, agus bhí an tríú ceann acu seo ar bun i mí Aibreáin 2007. D'fhreastal ionadaithe na ngrúpaí air, ina measc iad siúd a thugann tacaíocht d'Íospartaigh agus dá dteaghlaigh, gníomhaireachtaí rialtais eile, lucht dlí agus An Garda Síochána. Rinne an fóram plé ar an gClár Tógála Caipitil, Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla, an áis cuardaigh ar líne do chóras

rianaithe cáis na hArd-Chúirte, Éilimh Bheaga Ar Líne agus an láithreán gréasáin. Beidh an ceathrú fóram bliantúil ar siúl i mí Aibreáin 2008. I 2007, chuir oifigí réigiúnacha na Seirbhíse tús le cruinnithe grúpaí úsáideoirí speisialta do ghrúpaí íospartach, agus leanfar ar aghaidh á eagrú ar bhonn ráithiúil le linn 2008.

#### Ceannaitheoirí Faoi Cheilt

D'fhostaigh an tSeirbhís cuideachta sheachtrach chun dul i mbun roinnt 'ceannachán faoi cheilt' ag baint úsáid as cuairteanna duine le duine chuig oifigí cúirte agus suirbhéanna teileafóin agus ríomhphoist. Roghnaíodh oifigí go neamhspleách agus go fánach, faoi réir ag coinníollacha go mbeadh siad ar mhéideanna éagsúla agus scaipthe amach go náisiúnta. Níor tugadh rabhadh ar bith roimh ré faoi chuairt do na hoifigí agus tugadh cuairt do gach oifig dhá uair, ag déanamh cinnte nach mbeadh fadhbanna aonuaire ar bith ag cur as dá scór. Thug an suirbhé le fios gur thuairiscigh 96% de na ceannaitheoirí faoi cheilt go raibh ár bhfoireann gairmiúil agus nósghar, thuairiscigh 91% go raibh an fhoireann cúirtéiseach agus thuairiscigh 88% gur thug an fhoireann a bhí ag déileáil leo muinín dóibh san idirbheartaíocht.

#### Gearáin

Rinneadh 11 ghearán foirmiúil ó chustaiméirí leis an tSeirbhís i rith 2007.

#### Plean Gnímh nua um Sheirbhís Custaiméirí

Cuireadh tús le hullmhúcháin ar Plean Gnímh nua um Sheirbhís Custaiméirí ag deireadh na bliana 2007. Rachfar i

mbun comhairliúcháin le hionadaithe ó ghrúpaí úsáideoirí na gcúirteanna éagsúla faoin bplean i rith 2008.

### Áiseanna teileafóin feabhsaithe

I 2007 chuir an tSeirbhís tús le hathbhreithniú straitéiseach ar a riachtanais teileafónaíochta go náisiúnta, línte talún agus soghluaiste ar aon, leis an aidhm d'infreastruchtúr teileafónaíochta nuashonraithe a thabhairt isteach. Cuirfidh sé seo réiteach atá éifeachtach ó thaobh costais de ar fáil agus roghanna breise chun seirbhís custaiméara a fheabhsú.

Tugadh rochtain teileafónaíochta feabhsaithe, lena n-áirítear teachtaireachtaí glórphoist, i roinnt oifigí timpeall na tíre, lena n-áirítear Corcaigh, Baile Átha Luain, Ceatharlach agus an Nás.

## PLEANÁIL GNÓ

Rinneadh forbairt ar phróiseas pleanála gnó athbhreithnithe i rith 2007. Thug na hoifigí ar fad faoi roimh dheireadh 2007, rud a éascaíonn pleanáil do 2008.

## RIALÚ NÍOS FEARR

### Próisis agus nósanna imeachta cúirte a athchóiriú

Bhí Stiúrthóireacht Athchóirithe agus Forbartha (féach leathanach 16 tag do SMT) fós mar chuid i struchtúr bainistíochta na Seirbhíse, a raibh sé de chúram aici bearta chun athchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta na gcúirteanna a aithint agus a chur chun cinn agus, i gcomhar le dréachtóir Choistí Rialacha na Cúirte, scéimeanna éagsúla de rialacha na cúirte a ullmhú.

Is féidir teacht ar liostaí de na rialacha seo i dTuarascálacha na gCoistí rialacha i gCaibidil 8 den Tuarascáil seo.

### An Chúirt Uachtarach

D'ullmhaigh an Príomh-Bhreitheamh treoir chleachtais na Cúirte Uachtaraí chun ullmhú doiciméid i gcomhair achomhairc a bhrostú agus chun foráil a dhéanamh chun aighneachtaí a lóisteáil trí ríomhphost chomh maith le cóip crua agus tháinig sé in éifeacht i mí Feabhra 2007. Rinneadh athchóiriú ar threoir chleachtais reatha a bhaineann le Fuadach Páistí/achomhairc Choinbhinsiún na Háige i mí Mheán Fómhair 2007 chun cloí le treoir cosúil leis a bhaineann le hachomhairc faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpaí a liostáil. Eisíodh treoir chleachtais breise chun athruithe a tugadh isteach faon na hAchtanna um Cheartas Coiriúil, 2006 agus 2007 a thógáil san áireamh, ar feitheamh rialacha na cúirte a bheith ag teacht i bhfeidhm.

### An Ard-Chúirt

Ullmhaíodh dréachtscéim mionsonraithe de rialacha i gcomhair dul chun cinn cásanna maidir le dlíthíocht Ard-Chúirte go ginearálta, chomh maith le scéim de rialacha cúirte chun moltaí Thuarascáil Ghrúpa Oibre Haran ar Chostais Dhlíthiúla a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh rialacha cúirte chun dlíthíocht faoi Choinbhinsiún Cape Town faoi urrúis ar aerárthaigh agus ar shócmhainní ardluacha cosúil leo a sannadh chuig an gCúirt Tráchtála freisin.

Tugadh isteach Treoir Chleachtais chun catagóirí éagsúla d'iarraitais ar bhreithiúnas le toiliú a dháileadh ar an Máistir ón Uachtarán i 2007. Tugadh

isteach treoir chleachtais eile chun ligean do Chláráitheoir an Liosta Athbhreithniú Breithiúnach Tearmainn agus Inimirce toilithe a ghlacadh i ngnéithe sainithe de chásanna atá liostáilte le héisteacht roimh an mbreitheamh. Tá foráil sa threoir chleachtais seo gur féidir pionós ar chostais a ghearradh ar aturnaí ar bith a fhágann cás sa liosta don bhreitheamh gan fáth a bheith leis.

### An Ard-Chúirt: Oifig na gCoimircithe Cúirte

Chuir an tSeirbhís barúlacha faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Rannán Athchóirithe Dlí Shibhialta maidir le dréachtscéim do Bhille um Chumas Meabhreach a d'ullmhaigh an Roinn. Leanfaidh an tSeirbhís ar aghaidh de bheith i dteagmháil leis an Roinn maidir leis an dréachtscéim i 2008.

### An Ard-Chúirt: Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht

Cuireadh roinnt bearta nuachóirithe i bhfeidhm in Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht i 2007. Tá na bearta seo, lena n-áirítear córas bainistíochta cásanna lánríomhairithe, deartha chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú maidir le cásanna féimheachta a bhainistiú agus phróiseáil ag gach céim den phróiseas féimheachta ó bhreithniú go dtí urscaoileadh. Chabhraigh an córas bainistíochta cásanna chun clár sócmhainní atá dílsithe sa Sannaí Oifigiúil a fhorbairt. Roimh dheireadh na bliana bhí pleananna ann chun forbairt breise a dhéanamh ar an gcóras, go háirithe a chumas tuarascáil bainistíochta a dhéanamh.

### An Ard-Chúirt: An Oifig Phrohbháide

Tháinig treoirthionscadal chun an fhoirm iarratais d'aturnaetha atá ag cur isteach ar Dheonuithe Ionadaíochta chun críche i 2007. Ghlac caoga gnólacht aturnaetha timpeall na tíre páirt sa thionscadal go deonach agus baineadh úsáid as aiseolas uathu chun foirm feabhsaithe a fhorbairt. Tugadh freagra an-dearfach don fhoirm nua. Beidh sé ar fáil le húsáid ó lár na bliana 2008.

### An Chúirt Cuarda

Le formheas ó Uachtarán na Cúirte Cuarda, agus i ndiaidh comhairliúcháin le Cláráitheoirí Contae, rinne Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda dréachtrialacha i gcomhair dul chun cinn cásanna in imeachtaí dlí teaghlaigh a fhorghéill i rith na bliana. Ligeann an scéim do Chláráitheoirí Contae dualgais bhainistíochta cásanna a chomhlíonadh le cinntiú go ndéantar imeachtaí a ullmhú i gcomhair trialach ar bhealach cóir, tapaigh agus gur dócha go mbeidh an costas imeachtaí is ísle ag baint leo agus go mbaintear an úsáid is fearr as am agus acmhainní eile na cúirte.

Chun éascú le dualgais bainistíochta cásanna a chur ar fáil i gceantair le líon ard cásanna cosúil le Baile Átha Cliath, cuireadh Ceann Bille dréachtaithe ar fáil le cur san áireamh sa Bhille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006. Dhéanfadh sé seo leasú ar alt 9 den Acht Oifigeach Cúirte, 1945 chun ligean do Chláráitheoirí Contae dlínse a fheidhmiú go comhthráthach lena gcéile nuair a sanntar iad chun cúlta a chur ar fáil dá gcomhghleacaithe i gcontaetha le líon ard cásanna.

Ullmhaíodh Treoir Chleachtas agus foirmeacha gaolmhara don Chúirt Chuarda ag rialú an nós imeacht faoi

alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, arna leasú ag an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007 i gcásanna ina gciontaítear an cúisí as cion sa tréimhse go bhfuil pianbhreith ar fionraíocht do chiontú roimhe sin.

Bunaíodh coiste de Chláráitheoirí Contae agus Príomhchléirigh chun lámhleabhair um nósanna imeachta feabhsaithe a fhorbairt d'fhoireann na Cúirte Cuarda. Roimh dheireadh na mbliana bhí lámhleabhar mionsonraithe coiriúil curtha i gcrích agus bhí athbhreithniú á dhéanamh air ag baill foirne roghnaithe ar fud na heagraíochta.

D'ullmhaigh oifig na Cúirte Cuarda Bhaile Átha Cliatha Treoirleabhar A-Z de théarmaí agus próisis dlíthiúla san oifig sin i rith na bliana mar chúnamh don fhoireann.

### An Chúirt Dúiche

Tháinig rialacha cúirte chun oibriú an Achta um Cheartas Coiriúil 2006 a éascú i bhfeidhm agus rinneadh rialacha cúirte a dhréachtadh chun éifeacht a thabhairt d'athruithe maidir le bannaí, i measc cúrsaí eile, atá san Acht um Cheartas Coiriúil, 2007.

Tugadh faoi obair i rith na bliana chun athcheartú a dhéanamh ar Lámhleabhair Oiliúna na Cúirte Dúiche um Dlí Teaghlaigh agus Dlí Coiriúil de bharr athruithe sa reachtaíocht a tharla ó dréachtaíodh na lámhleabhair den chéad uair. Ullmhaítear na treoirleabhair céim i ndiaidh céime seo go himmheánach agus clúdaíonn siad cleachtas agus nós imeachta de réir mar a bhíonn sé infheidhmithe d'oifigí cúirte.

Tugadh nósanna imeachta réamhchúirte feabhsaithe isteach i gCúirt Dúiche an Chabháin don Chúirt Ceadúnaithe Bhliantúil. Rinneadh na cruthúnais agus foilseacháin ar fad a lóisteáil san oifig le seiceáil roimh shuí na cúirte. Chabhraigh sé seo chun úsáid níos fearr a bhaint as am na cúirte agus laghdaigh sé líon na n-atráthanna go suntasach.

### An Bille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha)

I measc na Cinn Bille a moltar le bheith san áireamh sa Bhille tá (i) Comhoifig Cúirte a bhunú a bheadh ina phointe amháin soláthair do ghnó cúirte, ag comhcheangail dhá dlínse, nó catagóirí gnó cúirte, nó níos mó, agus (ii) cúnamh a sholáthar do dhlíodóirí lagamhairc agus daoine eile a ghlacann páirt in imeachtaí cúirte. Leanfaidh an tSeirbhís ar aghaidh ag dul i mbun teagmhála leis an Roinn maidir leo seo agus forálacha eile a bhaineann leis na cúirteanna le cur isteach sa Bhille i 2008.

### Códaíocht ar Reachtaíocht Cúirte

Chuir an tSeirbhís ionchur ar fáil don tionscadal chun reachtaíocht cúirte a chomhdhlúthú a chuir an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ar bun ar iarratas ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. D'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin agus dréachtBhille Comhdhlúthaithe i mí Iúil 2007.

### Athbhreithniú ar Phróisis Ghnó

Tógadh bearta le linn na bliana chun na moltaí a rinneadh tar éis athbhreithniú ar phróisis ghnó in Oifig Dlí Teaghlaigh na Cúirte Dúiche Bhaile Átha Cliath, an

Oifig Phrohbháide agus Oifig na gCoimircithe Cúirte a chur i bhfeidhm. Tabharfar faoi athbhreithniú ar Oifig Coimeáda na Cúirte Dúiche i 2008.

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

### An Córas Bainistíochta um Chásanna Sibhialta

Is ceann de na príomhthionscadail athraithe atá an tSeirbhís ag tabhairt faoi ná forbairt ar chóras bainistíochta um chásanna sibhialta comhtháite ríomhairithe (féach leathanach 40) Cuireadh Céim a 1 den tionscadal, athbhreithniú ar phróisis sibhialta agus dlí teaghlaigh chun próisis agus foirmeacha cúirte a chaighdeánú agus a shimpliú, chomh fada agus is féidir, thar réigiúin agus dlínsí chun éifeachtúlacht agus seirbhís custaiméara a fheabhsú, i gcrích i rith na bliana. Tá an caighdeánú ar phróisis seo ina riachtanas rithábhachtach le go mbeidh an córas rathúil.

Déanfar forbairt ar Chéim a 2, sraith de phróisis ag leibhéal ard a aithint, ag ceardlanna le bainisteoirí sinsearacha go luath i 2008.

### Córas Bainistíochta um Chásanna Coiriúla

Tá an Córas Bainistíochta um Chásanna Coiriúla ríomhairithe ar cheann eile de na príomhthionscadail athraithe. Leanann gnó coiriúil sa Chúirt Dúiche ar aghaidh ag fáil tacaíocht ón gcóras seo, atá tar éis leasanna suntasacha a chur ar fáil maidir le cumas tuairiscithe na Seirbhíse. Cuireadh roinnt feabhsúcháin i bhfeidhm i rith na bliana a bhain go sonrach leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007 a thabhairt

## TAIFID LEICTREONACHA

Lean tionscadail chun leas a bhaint as teicneolaíocht chun caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí cúirte ar aghaidh i rith na bliana. Bhí sampla den mhéid seo i gCúirt Chuarda an Chabháin áit ar cuireadh tús le tionscadal chun leabhair díotála agus achomhairc láimhe le leaganacha leictreonacha. Ligfidh na leaganacha nua d'éifeachtúlachtaí feabhsaithe agus doiciméid iar-chúirte a eisiúint níos tapúla.

isteach. Bhí cás gnó chun an córas a leathnú amach chuig an gCúirt Choiriúil Chuarda, an Phríomh-Chúirt Choiriúil agus an Chúirt Choiriúil Speisialta ag teacht chun críche ag deireadh na bliana.

### Físchomhdháil/Nasc Físe

I rith na bliana cuireadh córais físchomhdhála isteach i dtithe cúirte Chnoc na Seimre, Tulach Mhór agus Chaisleán an Bharraigh mar chuid de chlár iomlán chun físchomhdháil a bheith ar fáil sna bailte contae ar fad. Cuireadh uasghrádú ar áiseanna físchomhdhála agus nasc físe i gcúig theach cúirte sna Ceithre Chúirt i gcrích i rith na bliana freisin.

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag obair leis an tSeirbhís Phríosúin chun tástáil a chur i gcrích ar chóras físchomhdhála chun físchomhdháil a chur ar fáil idir cúirteanna agus príosúin. Cuireadh córas isteach i gCúirt Dúiche Luimnigh leis an aidhm chun físchomhdháil a thosú idir Cúirt Dúiche Luimnigh agus Príosún Luimnigh ar bhonn píolótach ó lár na bliana 2008.

### Áiseanna chun breathnú ar fhíseán

Ag deireadh na bliana 2007 bhí áiseanna nua chun breathnú ar fhíseán ar fáil i seacht dteach cúirte i mBaile Átha Cliath. Beidh áiseanna cosúil leis seo ar fáil i rith 2008 i dtithe cúirte roghnaithe timpeall na tíre. Cuireann na háiseanna ar chumas breathnú ar gach

cineál fianaise le linn cásanna a éisteacht lena n-áirítear taifid ar agallaimh i stáisiúin na nGardaí agus píosaí scannáin ó cheamaraí slándála TCI.

### Córas Thaifeadadh Digiteach Fuaime

I rith 2007, chuir an tSeirbhís soláthar mór i gcrích chun córas thaifeadadh digiteach fuaime a roghnú le cur isteach sna tithe cúirte ar fad timpeall na tíre. Cuirfeadh an córas isteach ar bhonn píolótach sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Chuarda go luath i 2008. Faoi réir ag an scéim píolótach a chur i gcrích go sásúil cuirfeadh an córas isteach sna Cúirteanna Lárnach agus Coiriúla Cuarda ar fad le linn 2008.

## RÍOMHRIALTAS

Bhí rochtain 24/7 ar sheirbhísí fós ina phríomhthosaíocht don tSeirbhís i 2007.

### Éilimh Bheaga ar Líne

I 2007, chuir an córas Éilimh Bheaga Ar Líne a chéad bhliain oibríocháin iomlán i gcrích sna 16 oifig píolótach tosaigh. Ag deireadh na bliana bhí 46% d'iarratais ar éilimh bheaga á fháil ar líne sna hoifigí seo. Ligeann Éilimh Bheaga Ar Líne d'iarrthóirí éilimh a lóisteáil 24/7 thar an idirlíon, na táillí cúirte a íoc ar líne agus dul chun cinn a n-iarratas a leanúint agus é ag dul ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla den phróiseas ag baint úsáid as aitheantóir pearsanta uathúil. Cuireadh an córas, atá ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, i bhfeidhm i sé oifig na Cúirte Dúiche breise roimh dheireadh 2007.

Bhain Éilimh Bheaga Ar Líne dámhachtain 'Ón Rialtas don Saoránach' don tionscadal is fearr amach ag na dámhachtainí Nuálaíocht Trí Theicneolaíocht a d'eagraigh an iris Inside Government i gcomhar le eircom. Tugann na dámhachtainí aitheantas do shármhaitheas agus cruthaitheacht i dtionscnaimh teicneolaíochta thar an earnáil phoiblí.

### Córas Cuardaigh Poiblí Ar Líne na hArd-Chúirte

Cuireadh obair ar áis cuardaigh poiblí ar líne a fhorbairt do Chóras Rianaithe Cáis na hArd-Chúirte i gcrích i rith na bliana. Is féidir le cleachtóirí dlí agus le baill den phobal sonraí faoi chásanna Ard-Chúirte a aimsiú ag am ar bith, ó áit ar bith anois, ag baint leasa as an idirlíon. Déantar na sonraí sa chóras a nuashonrú gach lá, agus taispeántar an staid i ngach cás mar a bhí ag deireadh an lá oibre roimh sin.

Tugann an córas rochtain ar raon leathan faisnéise faoi chásanna Ard-Chúirte lena n-áirítear ainm na bpáirtithe, ainm aturnaetha ar thaifead, uimhir thaifead an cháis, liostálacha cúirte agus cur síos achomair ar an toradh, na cineálacha doiciméid a chomhdaíodh agus an dáta a thug an chúirt a breithiúnas scríofa. Ní thugann an cás faisnéis faoi cásanna dlí teaghlaigh agus cásanna 'in camera' eile, ná an t-ábhar atá in ordúithe cúirte nó mionnscribhinní.

### Aistriú leictreonach toghairmeacha

I rith na bliana, lean an tSeirbhís ar aghaidh ag obair leis An Garda Síochána chun comhéadan leictreonach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun faisnéis agus sonraí a roinnt go leictreonach idir an dá

eagraíocht. Ag eascairt ón tionscnamh seo, gheobhaidh an tSeirbhís iarratais ar na toghairmeacha ar fad go leictreonach. Mar mhalairt air sin cuirfidh an tSeirbhís sonraí faoi sceidil na gcúirteanna agus torthaí do na hionchúisimh ar fad a thionscnaíonn na Gardaí Síochána sa Chúirt Dúiche ar fáil dóibh go leictreonach. Ag deireadh na bliana, bhí tús curtha le tástáil um ghlacadh an úsáideora le dáta cur i bhfeidhm sceidealta do lár na bliana 2008.

### FAISNÉIS A SHOLÁTHAR DON PHOBAL

#### Raon na bhfoilseacháin a fheabhsú

Foilsíodh bileoga ar fhoirgnimh na dtithe cúirte chun raon faisnéise a chur ar fáil do chleachtóirí, giúróirí, finnétithe, dlíthithe agus an pobal i gcoitinne lena n-áirítear suíomh an tí cúirte agus na háiseanna atá ann. Leanfaidh an tionscadal seo ar aghaidh i 2008.

Leanann an tSeirbhís ar aghaidh ag déanamh comóradh ar thithe cúirte nua agus athchóirithe le bróisiúir d'oscailtí oifigiúla. Foilsíodh bróisiúir d'oscailtí oifigiúla ar thithe cúirte Tulach Mhór agus Bré i 2007.


Rinneadh nuashonrú ar chatalóg d'fhoilseacháin atá ar fáil ón tSeirbhís i rith na bliana agus cuireadh ar fáil é mar chruachóip agus ar an láithreán gréasáin.

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag cur foilseacháin ó ghníomhaireachtaí eile san earnáil dlí agus cirt chun cinn i dtithe cúirte timpeall na tíre i rith na bliana.

### Saoránaigh Óga

Lean an clár chun spreagadh a thabhairt do dhaoine óga cuairt a thabhairt ar na cúirteanna mar chuid dá oideachas ginearálta ar aghaidh i 2007. Bhí an-tóir i gcónaí ar thurais chun na Ceithre Chúirt le scoileanna dara leibhéal. San áireamh i gclár an turas tá cur i láthair faoi chóras na gcúirteanna, plé le habhcóide atá ag cleachtadh agus an deis chun freastal ar éisteachtaí cúirte. Eagraíodh cuairteanna cosúla i ngach ceann de chúig réigiún de chuid na Seirbhíse agus bhí baint ag scoileanna ó gach cearn den tír leo.

Cuireadh pacáiste acmhainne do mhic léinn dara leibhéal, 'Breathnaímis ar an Dlí' i gcrích i rith na bliana le comhoibriú ón Roinn Oideachais &



Eolaíochta. Tá an pacáiste deartha le cur ar chumas múinteoirí nach raibh cur amach ar bith acu ar an dlí roimhe sin eolas a thabhairt do dhaoine óga faoin dlí agus faoi chóras na gcúirteanna in Éirinn. Tá lámhleabhar ann do mhúinteoirí, sraith d'áiseanna teagaisc agus DVD. Bronnfaidh an Príomh-Bhreitheamh an pacáiste, atá ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, ar an Aire Oideachais & Eolaíochta go luath i 2008.

## Dlí Teaghlaigh

### *Tionscadal Tuairiscithe Dlí Teaghlaigh*

Chuir an tSeirbhís an chéad bhliain de threoirthionscadal chun tuairisciú a dhéanamh ar dhlí teaghlaigh i gcrích. Ina measc bhí foilsíú ar staitisticí, treochtaí, breithiúnais agus tuairisciú ar imeachtaí i gcúirteanna dlí teaghlaigh i sraith dar teideal Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh. Tháinig an treoirthionscadal chun críche le tuarascáil measúnaithe ina raibh moltaí do thuairisciú dlí teaghlaigh amach anseo.

I mí Dheireadh Fómhair shocraigh an Bord leanúint ar aghaidh leis an tionscadal tuairiscithe ar feadh bliain eile. Bunaíodh coiste le breitheamh na Cúirte Uachtaraí ina chathaoirleach air chun maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscadal. Iarradh ar an gcoiste na moltaí atá i dtuarascáil measúnaithe an treoirthionscadail a mheas chomh fada agus a bhaineann siad leis an tSeirbhís agus moltaí a dhéanamh maidir le hiad a chur i bhfeidhm.

Faoi mí na Nollag 2007 bhí socrúithe déanta chun eagrán bhreise de Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh a fhoilsiú i Márta, Meitheamh agus Deireadh Fómhair 2008.

### *Faisnéis ghinearálta ar chúrsaí dlí teaghlaigh*

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag dul i mbun comhairle le raon leathan grúpaí chun faisnéis dlí teaghlaigh a chur ar fáil i gcrúachóip agus ar líne i rith na bliana. Ag deireadh na bliana bhí tús curtha le faisnéis feabhsaithe a chur ar fáil ar fhoréigean teaghlaigh, colscaradh, idirscaradh breithiúnach, coimeád agus rochtain. Rinneadh nuashonrú ar fhaisnéis faoi chothabháil.

Foilsíodh faisnéis faoi chásanna dlí teaghlaigh a éisteacht i gcrúachóip agus ar an láithreán gréasáin. San áireamh anseo bhí anailís ar agus staitisticí faoi líon na gcásanna le héisteacht agus orduithe déanta ag na cúirteanna maidir le hiarratais ar cholscaradh, neamhniú, idirscaradh breithiúnach, coimeád agus rochtain, cothabháil, cúram leanaí agus foréigean teaghlaigh.

### *Láithreán gréasáin*

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag baint úsáide as an láithreán gréasáin chun

raon chuimsitheach faisnéise faoi obair na gcúirteanna a chur ar fáil i mBéarla, i nGaeilge agus i raon teangacha eile lena n-áirítear Spáinnis, Fraincis, Sínis (Traidisiúnta agus Simplithe), Polainnis agus Rúisis. I measc na rudaí breise a cuireadh ar an láithreán gréasáin le linn na bliana bhí faisnéis feabhsaithe faoi oifigí cúirte éagsúla cosúil leis an Oifig Phrobháide, Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht, Príomhoifig na hArd-Chúirte, dlí teaghlaigh sa Chúirt Chuarda agus treoracha cleachtas. Leanadh ar aghaidh ag cur breithiúnais ón gCúirt Uachtarach, an Chúirt Achomhairc Choiriúil agus an Ard-Chúirt suas ar an láithreán gréasáin. Cuireadh foirmeacha breise ar an láithreán chomh maith le treoracha cleachtas agus faisnéis feabhsaithe do ghiúróirí. Aibhsíodh ábhair a raibh suim ar leith ag baint leo, lena n-áirítear fógraí, in áit a bhí éasca le feiceáil ar leathanach baile an láithreáin.

Leanadh ar aghaidh le nuashonrú laethúil ar an Dialann Dlí le sonraí faoi suíonna, éisteachtaí agus fógraí cúirte le linn téarmaí na cúirte. I 2007, bhí sonraí faoi shuíonna na Cúirte Chuarda i ngach contae ar fáil ar an láithreán.

Ag deireadh na bliana bhí an láithreán gréasáin ar an ngearrliosta sa chatagóir 'Comhlacht Stáit is Fearr' ag dámhachtainí ríomhRialtais na hÉireann. Seo an dara uair go raibh an láithreán ar an ngearrliosta don dámhachtain seo, tar éis an chatagóir a bhaint amach i 2005. Fógrófar na buaiteoirí i mí an Mhárta 2008. Déanann na dámhachtainí, a eagraíonn an Public Sector Times agus Elucidate, ceiliúradh ar sármhaitheas i ríomhRialtais agus nuálaíocht teicneolaíochta in Éirinn.

Lean líon na gcuartheanna chuig an láithreán ar aghaidh ag méadú i rith 2007, mar a thugann comparáid le cuarteanna do 2006 le fios. Ba é figiúr mhí Dheireadh Fómhair de 139,336 cuairt an ceann is airde go nuige seo.

Cuartheanna míosúla ar an láithreán gréasáin san iomlán		
Mí	2007	2006
Eanáir	103,354	77,530
Feabhra	105,740	76,522
Márta	109,231	84,389
Aibreán	103,353	64,416
Bealtaine	125,590	78,726
Meitheamh	114,116	69,875
Iúil	129,541	76,119
Lúnasa	89,147	58,863
Meán Fómhair	94,898	63,616
Deireadh Fómhair	139,336	91,086
Samhain	136,752	99,377
Nollaig	101,029	73,855

### Saoráil Faisnéise

Chomh maith le hiarratais fhoirmiúla (féach tábla ar leathanach..) déileáladh le líon ard ceisteanna faoi na Achtanna um Shaoráil Faisnéise trí theileafóin, ríomhphost agus trí chomhfhreagras ginearálta a bhí ag iarraidh faisnéis a bhaineann leis na cúirteanna agus/nó ag iarraidh taifid cúirte. Déileáladh le 64 iarratas scríofa san iomlán taobh amuigh den Acht agus thart ar 80 ceist ar an teileafón. I rith na bliana bhain oifigigh chinniúna agus oifigigh achomhairc orthu ag baint leas as oiliúint leanúnach chun caighdeán ard de scileanna chun cinntí a dhéanamh a choinneáil. Lean an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise ar aghaidh ag glacadh páirt sa Ghrúpa um Líonra Lucht Úsáidte Seirbhíse Poiblí (PSUN), grúpa d'oifigigh SF sa tSeirbhís Phoiblí a dhéanann malartú ar fhaisnéis maidir le hiarratais faoin Acht.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise		
	2007	2006
Iarratais a fuarthas	20	16
Rochtain ceadaithe/leathchea daithe	13	13
Diúltaithe	2	1
Aistrithe/Tarraingthe Siar	5	2

### Cosaint Sonraí

I 2007, foilsíodh beartas na Seirbhíse maidir le ceisteanna cosanta sonraí i lámhleabhar atá éasca le húsáid. Tá an beartas ina ráiteas ar thiomantas na Seirbhíse cearta daoine aonair a chosaint faoi réir ag Reachtaíocht um

Chosaint Sonraí. Foilsíodh lámhleabhar eile ina raibh treoirínte don fhoireann freisin. I rith na bliana bhí an tOifigeach um Ghéilliúlacht le Cosaint Sonraí ag déileáil le ceisteanna éagsúla faoin reachtaíocht.

### Giúróirí

Foilsíodh sraith de bhileoga i rith na bliana chun cabhrú leo siúd a ghlaodh i gcomhair seirbhís giúiré sa Chúirt Choiriúil Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Ard-Chúirt i mBaile Átha Cliath.

### For-Rochtain

I rith na bliana bhain eagraíochtaí éagsúla leas as cláir for-rochtana saincheaptha. Ligeann an tionscnamh seo don tSeirbhís faisnéis a chur ar fáil ar bhealach dírithe atá ceaptha chun na riachtanais atá ag grúpaí aonair a chomhlíonadh. Tá deis chun buaileadh le chéile ag plé a dhéanamh ar chúrsaí suime le pearsanra na cúirte, lena n-áirítear breithiúna, baill foirne na cúirte, pearsanra caidrimh leis na meáin agus abhcóidí chomh maith leis an deis breathnú ar éisteacht cúirte mar chuid de na cláir.

### Na Meáin

I rith na bliana 2007 lean an tSeirbhís ar aghaidh ag cur Seirbhís Caidreamh Meán tiomanta ar fáil mar phointe tagartha aonair agus foinse faisnéise de na meáin náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear teilifís, raidió, idirlíon agus preas. Bhí an tSeirbhís Caidreamh Meán ina chainéal chun faisnéis a scaipeadh idir oifigí cúirte agus raon leathan de leasa meáin go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



Déileáladh le os cionn 10,000 ceist i gcaitheamh na bliana, a chlúdaigh raon leatha ceisteanna lena n-áirítear sonraí faoi imeachtaí cúirte, cleachtas agus nós imeachta sna cúirteanna, staitisticí faoi obair na gcúirteanna agus faisnéis chun cabhrú le taighde stairiúil.

Déileáladh le níos mó ná 90% den na ceisteanna seo ó na meáin an lá a fuarthas iad.

Rinneadh roinnt eisiúintí leis na meáin i rithe na bliana a bhain le raon leathan cúrsaí lena n-áirítear oscailt tithe cúirte, míchruinneas a shoiléiriú, faisnéis mar chabhair do phlé poiblí, an nuacht is déanaí faoi thionscadail tógála agus sonraí faoi thionscnaimh mhóra.

Lean an tSeirbhís Caidreamh Meán ar aghaidh ag obair le hinstitiúidí chun laethanta nuachta bréagshamhlaithe agus cúrsaí oiliúna iniúchacha a eagrú. Thug an Comhairleoir um Chaidrimh Meán léachtaí ag roinnt coláistí tríú leibhéal agus ionaid oideachais eile ag leibhéal na fochéime agus na hiarchéime i mBaile Átha Cliath. Chabhraigh an tSeirbhís chun roinnt cuairteanna a eagrú chun na cúirteanna chomh maith le ceardlanna do mhic léinn iriseoireachta i rith na bliana. Déanfar an tSeirbhís a leathnú i 2008 chun uaireanta oscailte níos faide a chur ar fáil do na meáin agus sraith de sheimineáir meán a eagrú ar ábhair a bhaineann leis an dlí.

### **Clár Tógála Caipitil**

Le €540 milliún curtha ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 lean an Clár Tógála Caipitil le luas i 2007 le tithe cúirte nua ag oscailt, athchóiriú ar thithe cúirte reatha agus pleanáil leanúnach do thionscadail atá le tosú i 2008. Leanann an Coiste Tógála ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm an Chláir Tógála Caipitil. (féach leathanach 14).



## **Clár Tógála Caipitil na Seirbhíse Cúirteanna**

Tá athchóiriú ar fhoirgnimh cúirte ina chuid lárnach de chlár nuachóirithe na Seirbhíse ó bunaíodh í sa bhliain 1999. Tá os cionn 50 tionscadal curtha i gcrích agus os cionn €200 infheistithe le cinntiú go gcomhlíonann na háiseanna riachtanais nua-aimseartha. Tá ceithre sheomra cúirte ag an gcuid is mó de bhailte contae anois le hoifigí do bhreithiúna, cóiríocht oifige don fhoireann taobh leo, le tacaíocht ó theicneolaíocht faisnéise suas chun dáta, seomraí do chleachtóirí dlí, seomraí comhairliúcháin, seomraí tacaíochta d'íospartaigh, seomraí do na Gardaí Síochána, áiseanna do na meáin agus cillíní do phríosúnaigh. Tá na foirgnimh seo deartha le go gcuirtear imshruthú ar leithligh ar fáil do na breithiúna, do ghiúiréithe, do phríosúnaigh agus don phobal. Chuathas i ngleic le cúrsaí rochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas le hardaitheoirí agus rampaí agus trí lúba ionduchtaithe a sholáthar i seomraí cúirte do dhaoine le deacrachtaí éisteachta agus comharthaí Braille a sholáthar de réir mar is cuí. Sna bailte níos mó tá áiseanna dlí teaghlaigh ar leith curtha ar fáil, lena n-áirítear seomraí cúirte, seomraí feithimh agus seomraí comhairliúcháin.

## **Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí**

### *Ollionad Nua na gCúirteanna Coiriúla*

Cuireadh tús le tógáil ar Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla, atá á sholáthar trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí i mí na Bealtaine agus tá sé le bheith críochnaithe go luath i 2010. Ag deireadh na bliana 2007, bhí an tógáil chun tosaigh ar an sceideal. Tá 22 theach cúirte san ollionad agus áiseanna coimhdeacha lena n-áirítear 33 sheomra comhairliúcháin thar 10 n-urlár. Beidh áiseanna feabhsaithe go mór do ghiúróirí lena n-áirítear limistéar fáiltithe do ghiúróirí amháin, seomraí leithleasa compordacha don ghiúiré agus lónadóireacht do ghiúiréithe ar an láthair. Chomh maith leis sin beidh sraith seomraí gur féidir le heagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh úsáid a bhaint astu. Don chéad uair beidh na príomhpháirtithe ar fad sa phróiseas trialach coiriúil i láthair go buan ar an láthair. Chomh maith leis na breithiúna agus an fhoireann, beidh suas le 200 abhcóide lonnaithe san Ollionad chomh maith le haturnaetha, baill foirne ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an tSeirbhís Phromhaidh, an tSeirbhís Phríosúin agus na Gardaí Síochána. Beidh na seomraí cúirte móra compordacha le fuaimíocht mhaith agus leibhéil mhaithe de sholas nádúrtha ag freastal go maith ar an bpobal agus ar chleachtóirí araon, chomh maith le limistéir poiblí atá oiriúnach do theach cúirte den mhéid agus den tábhacht náisiúnta seo.

### Tionscadail Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Eile

Lean obair ar aghaidh ar chéim an mheasúnaithe ar thionscadail chomhpháirtíocht príobháideach poiblí eile i 2007. Daingníodh suíomhanna i gCorcaigh agus i Leitir Ceanainn. I measc na n-ionad eile a bhí faoi réir ag measúnú bhí na cinn i Sord agus Luimneach. Leanfaidh an tionscadal i nDroichead Átha ar aghaidh mar chuid de dílárú chomhpháirtíocht príobháideach poiblí níos mó atá urraithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Lean obair ar aghaidh chun suíomhanna a fháil i Maigh Nuad, Port Láirge, Luimneach agus Sord.

### Ollionad na gCeithre Cúirteanna

Rachaidh Tionscadal Ollionad na gCeithre Cúirteanna i ngleic le go leor de na fadhbanna maidir le slándáil agus seirbhís a chur ar fáil a bhaineann leis na hionaid reatha i gcomhair trialacha coiriúla sa Cheithre Chúirt agus foirgnimh bhainteacha. Cuirfidh sé ar chumas athfhorbairt mhór a dhéanamh ar na Ceithre Chúirt freisin mar Ollionad nua do na Cúirteanna Sibhialta agus Dlí Teaghlaigh. Rinneadh forbairt ar choincheap chun na Ceithre Chúirt a athfhorbairt mar Ollionad Chúirteanna Sibhialta agus Dlí Teaghlaigh i 2007. Chuir an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an réamh-mheasúnú i gcrích agus rinneadh formheas air. Faoi dheireadh na bliana bhí go leor oibre déanta cheana féin ar an measúnú mionsonraithe.

### Tionscadail a cuireadh i gcrích i 2007

Tógadh dhá theach cúirte nua i mBré agus i mBéal an Mhuirthead i 2007. Is

comhfhorbairt a bhí i gceist le teach cúirte Bhéal an Mhuirthead le Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá áiseanna cúirte, amharclann agus oifigí don Chomhairle agus d'Údarás na Gaeltachta ann. Tá dhá phríomhsheomra cúirte san áireamh sa teach cúirte i mBré agus sraith cúirte dlí teaghlaigh ar leith le cóiríocht oifige d'oifig na Cúirte Dúiche. Rinneadh cóiríocht oifige nua-aimseartha a sholáthar do na breithiúna chomh maith le háiseanna do lucht dlí, giúiréithe agus an pobal. Déantar cillíní slána le rochtain slán ar sheomraí cúirte a sholáthar freisin.

Rinneadh athchóiriú ar na tithe cúirte i dTulach Mhór agus i Mainistir Fhear Maí freisin. Trí na foirgnimh seo ón 18ú haois a athchóiriú chuig a mbail bhunaigh chabhraigh an tSeirbhís chun oidhreacht tógtha na mbailte seo a chaomhnú. San am gcéanna, rinneadh cóiríocht oifige agus cúirte nua-aimseartha a sholáthar chun leasa úsáideoirí cúirte ar fad.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar Chúirteanna Dúiche dlí teaghlaigh Bhaile Átha Cliath i dTeach an Charnáin, Baile Átha Cliath chun cóiríocht nua-aimseartha a chur ar fáil do na breithiúna, don fhoireann agus d'úsáideoirí na gcúirteanna teaghlaigh ar fad.

### Tionscadal atá fós ar siúl ag deireadh 2007

Tá tógáil ar áiseanna cúirte nua i mBaile Átha Fhirdhia beagnach críochnaithe mar chuid de chomhfhorbairt le hOifig na nOibreacha Poiblí agus Comhairle Contae Lú.

Lean obair tógála ar aghaidh i nDurlas, Cluain Eois, Guaire agus Baile Bhlainséir. Tá athchóiriú agus síneadh á chur ar an teach cúirte i nDurlas agus é le bheith críochnaithe i mí an

## DÁMHACHTAIN DO THEACH CÚIRTE THULACH MHÓR

Bhain Teach Cúirte Thulach Mhór amach an Dámhachtain Ailtireachta agus Tógála Opus sa Chatagóir Oidhreachta i mí na Samhna 2007 as ucht athchóiriú fogair a dhéanamh ar fhoirgneamh an tí cúirte.

Mheithimh 2008. Fuarthas cóiríocht i mBaile Bhlainséir i 2007. Ag deireadh na bliana bhí sí á fheistiú chun dhá sheomra cúirte agus an cóiríocht choimhdeach ar fad atá ag teastáil ar fáil. Críochnófar an obair i gCluain Eois agus Guaire i 2008.

Críochnaíodh pleananna chun tithe cúirte Chill Chainnigh. Mhuineacháin agus an Mhuilinn Chearr a athchóiriú agus a shíneadh chun tithe cúirte breise a chur ar fáil chomh maith leis an gcóiríocht choimhdeach ar fad atá riachtanach chun na héilimh nua-aimseartha a chomhlíonadh.

Fuarthas suíomhanna chun tithe cúirte nua a chur ar fáil i Loch Garman agus Leitir Ceanainn. Tá an tSeirbhís ag obair chun spás breise a fháil taobh thiar de theach cúirte Chill Mhantáin chun an teach cúirte a athchóiriú agus a shíneadh. Táthar ag cuartú suíomh do theach cúirte nua i Ros Comáin go gníomhach ag deireadh na bliana.

Cuireadh pleanáil chun cinn do tithe cúirte Bhéal Átha na Muice, Chluainín, Eochaille agus Chill Mocheallóg.

### Tionscadail le tosú i 2008

Cuirfeadh tús le athchóiriú ar theach cúirte Chill Chainnigh go luath i 2008. Déanfaidh an tionscadal mór se dhá sheomra cúirte breise a sholáthar chomh maith le cóiríocht oifige nua-

Tugadh isteach áiseanna saorghlao do ghiúróirí i roinnt áiteanna timpeall na tíre lena n-áirítear Corcaigh, Luimneach, Tiobraid Árann agus Port Láirge.

Tá sampla d'áiseanna feabhsaithe don ghiúiré i gCora Droma Rúisc áit a cuireadh bealach isteach ar leithligh ar fáil dóibh siúd atá ag freastal ar ghiúiré. Seachnaíonn sé seo an fhéidearthacht dul i dteagmháil le finnétithe, íospartaigh agus gaolta daoine a chúisítear agus laghdaíonn sé an baol go dtréigfear triail mar gheall ar theagmháil míchuí.

aimseartha. Cuirfidh sé na háiseanna choimhdeacha atá ag teastáil i dteach cúirte bhaile an chontae ar fáil lena n-áirítear iad siúd i gcomhair dlí teaghlaigh, giúiréithe, cleachtóirí dlí, an pobal, íospartaigh, na meáin, na Gardaí Síochána agus an tSeirbhís Phríosúin.

Iarrfar tairiscintí go luath i 2008 chun athchóiriú a dhéanamh ar theach cúirte Mhuineacháin chun áiseanna nua-aimseartha a chur ar fáil. Iarrfar tairiscintí freisin i lár na bliana 2008 chun athchóiriú agus síneadh a dhéanamh ar theach cúirte an Mhuilinn Chearr.

### Sláinte agus Sábháilteacht

I gcomhoibriú leis na Gardaí Síochána rinneadh athbhreithniú ar shlándáil i go leor de na hionaid cúirte mhóra timpeall na tíre i rith na bliana.

### Áiseanna do ghiúiréithe

Lean iarrachtaí ar aghaidh i rith na bliana chun áiseanna a fheabhsú do ghiúróirí. Tá córais fógartha poiblí nua-aimseartha agus seomraí do ghiúiréithe sna hionaid ar fad i mbailte contae agus sna Ceithre Chúirte. Tugtar lón do ghiúróirí ar laethanta trialach. Mar chuid den fhorbairt ar Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla cuirfear áis phroinne don ghiúiré amháin ar fáil.

### Íospartaigh agus Finnéithe

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag déanamh iarracht taithe na n-íospartach ar choireacht a fheabhsú agus iad ag freastal ar chúirt. Le linn 2007 lean an córas chun suíocháin speisialta a chur in áirithe do mhuintir na n-íospartach i gcásanna dúnmharaithe agus dúnorgana ar aghaidh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Chuarda. Tá seomraí speisialta d'íospartaigh ar fáil anois in os cionn 50 theach cúirte nuachóirithe timpeall na tíre.

Tá na seomraí cúirte in Ollionad nua na gCúirteanna Cuarda deartha chun an gaireacht is lú a bheith ag íospartaigh agus a mhuintir le cosantóirí agus daoine a chúisítear. Beidh nasc físe cianda agus seomraí tacaíochta d'íospartaigh agus comhairliúcháin san ollionad.

### ÚSÁID ÉIFEACHTACH ACMHAINNÍ

#### Ráiteas Aschuir

Tá Ráitis Aschuir mar ghné thábhachtach de na bearta Athchóirithe Buiséid agus Meastacháin a d'fhógair an tAire Airgeadais i mBuiséad 2006. Léiríonn siad leibhéal nua de thrédhearacht agus cuntasacht thar an tseirbhís phoiblí agus ligeann siad don Dáil iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar phróiseas na Meastachán. I rith 2007 d'fhoilsigh an tSeirbhís a chéad Ráiteas Aschuir Bliantúil.

Mar chuid de na ráitis tosaigh seo thug ranna agus gníomhaireachtaí rialtas geallúint aschuir ar leith a chur ar fáil de bhun an mhéid a dháiltear orthu sna Meastacháin 2007. Ba hiad na trí aschuir príomhúil a d'aithin an tSeirbhís i gcomhair 2007 ná (i) tús a chur le

tógáil ar Ollionad na gCúirteanna Coiriúla, (ii) Lároifig Cuntasaíochta a bhunú chun idirbhearta airgeadais na Cúirte Dúiche ar fad a láimhseáil agus (iii) córas um Éilimh Bheaga Ar Líne a chur i bhfeidhm. Déantar tagairt don dul chun cinn a ndearnadh ar na tionscadail seo in áit eile sa Chaibidil seo.

#### Tionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna

Is ceann eile de na tionscadail athraithe mhóra na Seirbhíse é Tionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna agus freisin ceann de na haschuir phríomhúla a dhéantar tagairt dóibh ar leathanach ...


Is é cuspóir an tionscadail ná ionad próiseála lárnach a bhunú chun na hidirbhearta airgeadais ón 42 oifig Cúirte Dúiche timpeall na tíre a phróiseáil. Éascófar é seo trí fheidhm a bhaint as córas nua-aimseartha cuntasaíochta airgeadais agus an úsáid

Léirigh Tionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna gur féidir seirbhís custaiméara agus feidhmíocht eagraíochtúil feabhsaithe a chur ar fáil agus san am céanna luach ar airgead den scoth a chur i gcrích don cháiniocóir. Bhí éileamh suntasach ann chun cothabháil dlí teaghlaigh a íoc go leictreonach díreach isteach i gcuntais bainc. Freisin i 2007 cuireadh tástáil i gcrích d'áis íocaíochta ar líne d'fhíneálacha cúirte. Déanfar an áis a rolladh amach i 2008. Leanfar ar aghaidh ag déanamh rolladh amach ar an gcóras chuig oifigí na Cúirte Dúiche ar fad i rith 2008.

is fearr a bhaint as teicneolaíocht chun seirbhís custaiméara agus éifeachtúlachtaí aron a fheabhsú.

I rith 2007 rinneadh dul chun cinn suntasach ar Thionscadal Cuntasaíochta na gCúirteanna nuair a bunaíodh Lároifig Cuntasaíochta i mí Feabhra agus nuair a cuireadh an córas i bhfeidhm go rathúil i roinnt áiteanna, is iad sin ná: Sligeach, An

#### Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna



## CISTÍ NA CÚIRTE

Tá ról coimeádaithe ag na cúirteanna maidir le cistí a lóisteáiltear sa chúirt de bhun orduithe cúirte nó de réir ceanglais reachtaíochta. Go príomhúil is iad na cistí atá i seilbh na gcúirteanna ná:


- Cistí na ndaoine a ghlactar faoi choimirceacht (Coimirceithe Cúirte)
- Dámhachtainí airgeadais a bhronnann na cúirteanna ar dhaoine faoi ocht mbliana déag d'aois
- Lóisteálacha ag na páirtithe in imeachtaí cúirte

Nás, Droichead Átha, Gaillimh agus roinnt oifigí i Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá leasanna suntasacha ann d'oifigí na Cúirte Dúiche. Go háirithe, tá méid shuntasach ama a chaitear ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cuntasáocht á scaoileadh chun tacú le príomhghnó na gcúirteanna.

### Bainistíocht ar chistí cúirte

Mhéadaigh na sócmhainní iomlána a dhéanann Oifig Chuntasóra na gCúirteanna Ceartais ('Oifig an Chuntasóra') go €1.021 billiún ag deireadh Mheán Fómhair 2007, méadú de €75 milliún ar an mbliain roimhe sin. As na sócmhainní iomlána faoi bhainistiú na hOifige, infheistíodh €899.4m i gCistí Speictrim arna mbunú i mí na Nollag 2003 mar chuid den chlár nuachóirithe ar bhainistiú agus infheistiú na gcistí cúirte. Bhí €26.3 milliún den mhéadú inchurtha i leith ollfheidhmíochta infheistíochta. Ba é 3.94% an meántoradh infheistíochta don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007 (Gan táillí bainte den



ollmhéid). Bhí feidhmíocht infheistíocht i rith na bliana i leith gach aon cheann de na cúig chiste idir 2.02% (Ciste Airgead Tirim Plus) agus 6.68% (Ciste Fáis) glan ar tháillí mar a thaispeántar thíos. Taispeántar freisin feidhmíocht infheistíochta chernach na gcistí óna dtionscnamh i mí na Nollag 2003. Bunaíodh an Ciste Airgead Tirim i mí an Mheithimh 2006.

### Feidhmíocht Ciste (Glan ar Tháillí)

Rinneadh dul chun cinn fíormhaith i rith na bliana chun cistí a aistriú ó na Cúirteanna Cuarda agus Dúiche chuig Oifig an Chuntasóra. Ag deireadh na bliana áiríodh leis na sócmhainní iomlána a bhainistigh an Oifig €66.6 milliún ó na Cúirteanna Cuarda agus €3.3 milliún ó na Cúirteanna Dúiche.

Tabharfar aistriú na gcistí sin chun críche sa bhliain 2008.

I mí Dheireadh Fómhair na bliana 2007 chuir an Coiste Infheistíochta tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar gach gné de bhainistiú agus infheistiú chistí na cúirte. Tá an t-athbhreithniú le bheith críochnaithe in Aibreán na bliana 2008.

Tá iniúchadh déanta ag Deloitte & Touche ar na ráitis airgeadais bliantúla do Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2007, a chuir tuarascáil iniúchta gan choinníoll ar fáil. Cuireadh na ráitis airgeadais seo faoi bhráid an Aire Airgeadais agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí araon. Tá sleachta as na ráitis airgeadais ar leathanaigh 121-130.





CAIBIDIL 5  
TACAÍOCHT A THABHAIRT DON  
FHOIREANN

# CAIBIDIL 5

## TACAÍOCHT A THABHAIRT DON FHOIREANN

Is í an acmhainn is tábhachtaí chun seirbhís den scoth a sholáthar ná foireann spreagtha, ardoilte. I rith 2007 cuireadh raon leathan cúrsaí agus cláir ar fáil chun scileanna foirne a fhorbairt agus a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht foirne a spreagadh ag gach leibhéal. Aithníodh go bhfuil bainistíocht agus forbairt na foirne rithábhachtach chun go mbeadh rath leis an gclár athraithe. Mar thoradh ar seo leagadh béim ar leith ar chóras bainistíochta agus forbartha gníomhúcháin rathúil a fhorbairt agus iarracht diombháilte chun an bhainistíocht agus an fhoireann a spreagadh chun a bheith mar chuid dá rathúlacht.

Chomh maith le leas a bhaint as deiseanna forbartha le linn uaireanta oifige, tugadh tacaíocht airgeadais agus eile do go leor baill foirne le dul i mbun cúrsaí taobh amuigh d'uaireanta oibre ar raon ábhar a bhaineann lena gcuid oibre.

### OILIÚINT

Chuathas i mbun anailís ar riachtanas oiliúna don tSeirbhís le linn 2007. Rinneadh straitéis oiliúna agus forbartha nua a dhréachtadh agus beidh sé i bhfeidhm go luath i 2008.

### Tacaíocht a thabhairt don Fhoireann i mBreisoideachais

Is é ceann de na bealaí a thugann an tSeirbhís spreagadh agus tacaíocht don fhoireann chun a gcuid eolais agus a scileanna a fheabhsú ná trí tháillí do chúrsaí oideachais a aisíoc. I 2007, aisíocadh táillí le 40 baill foirne. I measc na cúrsaí a rinneadh bhí LLB (Onóracha) i Staidéar Dlí, MA i mBainistíocht Airgeadais agus Dioplóma i Staidéar Gnó.

### Sláinte & Sábháilteacht

Cuireadh oiliúint mar Mhaor Dóiteáin ar fáil do 80 baill foirne i rith na bliana. Chríochnaigh tríocha cúig baill foirne i mBaile Átha Cliath cúrsa trí lá Gharchabhair ag an Obair. I Réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair tugadh oiliúint do 10 baill foirne mar Oifigigh Sábháilteachta. Ceapadh Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta na Seirbhíse Cúirteanna chomh maith.

### Oiliúint Ghinearálta

Lean Aonad Oiliúna na Seirbhíse ar aghaidh ag eagrú cúrsaí oiliúna do na gráid ar fad i rith na bliana. Chomh maith leis sin, tugadh spreagadh don fhoireann freastal ar chomhdhála, seimineáir agus ceardlanna a bhain lena gcuid oibre agus lena gcuid dualgais gairmiúla. I measc na n-imeachtaí bhí seimineáir dlí ar athruithe reachtúla, comhdhála acmhainní daonna ar fhorbairtí sa dlí fostaíochta, cláir bhainistíochta tionscadail agus seimineáir idirghabhála.

### Oiliúint i mBun Poist

Lean an réimse ollmhóir eolais atá faighte ag an bhfoireann agus iad i mbun gnó ar aghaidh de bheith ina ghné an-luachmhar de chlár oiliúna na Seirbhíse. I rith na bliana, d'eagraigh oifigí thar na dlínsí ar fad, le cúnaimh ón Aonad Oiliúna, seimineáir agus laethanta oiliúna chun deis a thabhairt do bhaill foirne le taitní an t-eolas seo a roinnt agus a aistriú chuig a gcomhghleacaithe.

### An Ghaeilge a chur chun cinn

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht do shuim na foirne sa Ghaeilge. Thug an tAonad Oiliúna

tacaíocht do bhaill foirne chun freastal ar chúrsaí a d'eagraigh Gaeleagras. Bhí cúrsaí oiliúna Gaeilge inmheánacha ar fáil freisin. Tugann na cúrsaí seo oiliúna ag bunleibhéal, meánleibhéal agus ardleibhéal Gaeilge agus leanfaidh siad ar aghaidh i rith 2008.

### Coláiste Bainistíochta Henley

Lean an clár bainistíochta athraithe/ceannasaíochta 'Athruithe a Bhainistiú Trí Thionscadail' a forbraíodh i gcomhar le Coláiste Bainistíochta Henley ar aghaidh i 2007. D'fhreastal an tríú ghrúpa de bhainisteoirí sinsearacha ar an gclár. Is í an aidhm atá léi na scileanna a sholáthar do bhainisteoirí chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar thionscadail leanúnacha na Seirbhíse ar bhealach a chuireann leasa gnó a aithníodh i gcrích. Faoi dheireadh na bliana bhí an cúrsa críochnaithe ag 50 baill foirne.

### FORBAIRT

#### Bainistíocht agus Forbairt Gníomhúcháin

I rith 2007 rinneadh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin a chomhtháthú go hiomlán agus a ailíniú le córais bainistíochta acmhainní daonna eile lena n-áirítear arduithe céime, breisiú, oiliúint agus forbairt ghairm bheatha. Cuireadh oiliúint maidir le hoibriú an chur chuige nua ar fáil don fhoireann i rith na bliana.

Cuireadh tús le hobair ar chóras leictreonach taifead bainistíochta agus forbartha gníomhúcháin i rith na bliana. Ligfidh an córas nua, a bheidh ar fáil go luath i 2008, don fhoireann foirmeacha a chruthú, a shábháil, a fhorhmeas, a shíniú agus a chomhdú go

leictreonach. Rachaidh sé in ionad an chórais reatha atá bunaithe ar pháipéar, rud a sábhálfar am agus acmhainní suntasacha don tSeirbhís.

### Ardú céime

Leanadh ar aghaidh ag cur arduithe céime na foirne ar fad i gcrích trí phróiseas d'agallamh iomaíoch i 2007. Cuireadh 256 baill foirne faoi agallamh san iomlán le breis agus 100 curtha ar phainéil ardaithe céime.

## TACAÍOCHT

### Cúnamh d'Fhostaithe

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag cur seirbhís cúnta d'fhostaithe ar fáil i rith na bliana. Is seirbhís chomhairleoireachta, faisnéise, tacaíocht agus tarchurtha atá sa tseirbhís seo. Cabhraíonn sé le baill foirne deacrachtaí a bhaineann leis an obair agus pearsanta a bhainistiú nó a réiteach, a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar thinreamh, feidhmíocht oibre agus caighdeán maireachtála mura ndéanfaí rud ar bith fúthu. Is sícíteiripeoir agus teiripeoir grúpa creidiúnaithe é an tOifigeach Cúnta Fostaithe (OCF) a théann i mbun comhairle le agus a thugann tacaíocht do bhainisteoirí atá ag déileáil le ceisteanna leasa foirne íogaire. I rith 2007, lean an OCF ar aghaidh ag eagrú cainteanna faisnéise míosúla i rith an tsosa ag am lóin. I measc na hábhair a clúdaíodh bhí probháid, dlí comhoibríoch i gcúrsaí dlí teaghlaigh, pinsin agus feasacht faoi dhruaí.

### Cothromaíocht Oibre is Saol

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag cur raon de shocruithe oibre solúbtha lena n-áirítear saoirí scoilbhliana agus fleisc-am i rith na bliana.

## DUL I MBUN COMHAIRLE LEIS AN BHFOIREANN

### Comhpháirtíocht

Lean an Coiste Lárnach Comhpháirtíochta, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ina chathaoirleach air, ag dul i ngleic le ceisteanna suime agus buartha don tSeirbhís ag ocht gcruinniú i rith na bliana 2007. Bhí Coistí Comhpháirtíochta Réigiúnacha ag plé le raon ceisteanna lena n-áirítear dualgais míchumais agus rochtana, forbairtí i seirbhísí custaiméara, scagadh sláinte, oiliúint theicniúil, bainistíocht gníomhúcháin agus ceisteanna sláinte agus sábháilteachta.

Lean Coistí Comhpháirtíochta Réigiúnacha ar aghaidh ag buaileadh le chéile go rialta i rith na bliana, ag tabhairt deis don fhoireann agus don bhainistíocht déileáil le raon de cheisteanna áitiúla.

I mí na Bealtaine 2007, chuathas i mbun comhairle le Coistí Comhpháirtíochta Réigiúnacha dá ndearcadh ar an gcaoi go bhféadfaid an tSeirbhís próiseas na comhpháirtíochta a fheabhsú. Déanfaid an Coiste Lárnach Comhpháirtíochta tuarascáil ar an gcleachtadh a mheas go luath i 2008.

## AG CABHRÚ LE BAILL FOIRNE ATÁ FAOI MHÍCHUMAS

Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag sannadh Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais i 2007 chun cúnamh a thabhairt don fhoireann. Rinneadh measúnú ar na tacaíochtaí eagraíochtúla agus teicniúla riachtanacha agus tá siad i bhfeidhm anois chun fostú duine le míchumas a éascú, agus chun tacú le fostaithe le míchumas dá bhfuil ann.

## DÍLÁRÚ

Lean clár díláraithe an Rialtais ar aghaidh ag imirt tionchair ar an tSeirbhís i 2007. D'airigh fiche seacht baill foirne chuig ranna atá ag dílárú faoi théarmaí an chláir.

## CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH SOCRA

Lean an caidreamh oibre an-mhaith atá ag an tSeirbhís leis na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht thar ceann na foirne. Tá timpeallacht an-dearfach caidreamh tionsclaíoch cruthaithe againn trí úsáid a bhaint as an Scéim Eadrána agus Idir-Réitigh agus an próiseas comhpháirtíochta.

Tá cuid mhaith de rath an chláir uailmhianaigh chun nuachóiriú a dhéanamh ar na cúirteanna a léirítear sa Phlean Straitéiseach agus a athshonraítear sa Phlean Gnímh I dTreo 2016 ag dul do thacaíocht na foirne agus ceardchumainn na foirne. Ní dheachaigh lá oibre ar bith ar lár de bharr díospóidí tionsclaíocha sa bhliain 2007. Tá an timpeallacht caidrimh tionsclaíoch muinteartha seo thar a bheith tábhachtach chun spreagadh a thabhairt don fhoireann a bheith, agus fanacht, páirteach san iliomad tionscadail, beaga agus móra, atá ar bun ar fud na Seirbhíse.

## SÓISIALTA AGUS OBAIR DHEONACH

Lean baill foirne ar aghaidh de bheith bainteach i go leor gníomhaíochtaí taobh amuigh den láthair oibre. Leantar ar aghaidh ag baint úsáid mhaith as na scileanna a fhaigheann siad laistigh den tSeirbhís. Idir spóirt agus na healaíona, a bheith ag taisteal cúrsaí agus tionscadail éagsúla, lean an

tSeirbhís ar aghaidh i 2007 ag baint leasa ó thallanna agus scileanna a chuirtear barr feabhais orthu thar réimse éagsúil imeachtaí.

### *Cór*

Rinne cór na seirbhíse ceiliúradh ar Aifreann chun comóradh a dhéanamh ar thús an Bliana Dlí i mí Dheireadh Fómhair agus ag roinnt imeachtaí foirne i rith na bliana.

### *Breithiúna agus baill foirne atá ar scor*

Tugann an tSeirbhís aitheantas don méid a thug na breithiúna agus na baill foirne sin atá ar scor, tar éis blianta fada a chaitheamh i mbun seirbhíse. Eagraíodh roinnt imeachtaí sóisialta, ina measc 'Oíche Samhraidh' i mí an Mheithimh agus Aifreann agus ócáid i mí na Samhna. Thug na himeachtaí seo an deis do bhreithiúna agus baill foirne atá ar scor buaileadh lena chéile agus am a chaitheamh le breithiúna agus baill foirne atá i mbun oibre. Eagrófar imeachtaí cosúil leo i 2008.

### *Spóirt*

Lean baill foirne ar aghaidh de bheith páirteach i raon leathan de ghníomhaíochtaí spóirt, lena n-áirítear galf, sacar, peil Ghaelach agus iomáint, cispheil, siúl agus dreapadóireacht sléibhte. D'eagraigh Club Spóirt na Seirbhíse go leor de na himeachtaí seo chun leasa eagraíochtaí carthanachta.



